AN PRÍOMHÚDARÁS RÉIGIÚNACH FORFHEIDHMIÚCHÁIN DRAMHAÍOLA

# TUARASCÁIL AR THIONSCNAMH FRITHDHUMPÁLA 2023

AN ROINN COMHSHAOIL, AERÁIDE AGUS CUMARSÁIDE

UIMHIR TUARASCÁLA: WERLA-R- 2024-5626



# Clár na nÁbhar

**Buíochas**......2

**Clásal Séanta**......2

**Ráiteas Misin WERLA**......3

**1 Achoimre Fheidhmeach**......4

1.1 Réamhrá......5

1.2 Foghlaim agus Breathnú Chun Cinn......5

1.3 Léarscáil de na WERLAnna......7

**2 Tionscnamh Frithdhumpála 2023**......8

2.1 Iarratais......9

2.2 Critéir Roghnúcháin Tionscadail......10

2.3 Critéir Mhaoinithe Deontais......10

**3 Miondealú tionscadail de réir Réigiúin agus Údaráis Áitiúil**......12

3.1 Réigiún Chonnacht agus Uladh (RCU)......13

3.2 Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre (ROLT)......16

3.3 Réigiún an Deiscirt (RD)......18

**4 Cás-Staidéir Réigiúnacha**......**22**

**Aguisíní**

Aguisín I: Gluais......87

Aguisín II: Ciorclán WP05.23 Tionscnamh Frithdhumpála 2023......88

# Buíochas

Bhí baint lárnach ag na baill foirne WERLA seo a leanas le forbairt agus athbhreithniú an doiciméid seo:

- Joanne Kelleher WERLA RD
- Linda Cahill WERLA RD
- Niall Dunne WERLA RD
- Adam Rudden WERLA ROLT
- Padraig Jones WERLA RCU

Is féidir an foilseachán seo ar fad nó cuid de a atáirgeadh gan a thuilleadh ceada, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse. Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a dhearbhú. Ní ghlacann oifigí WERLA le haon fhreagracht as caillteanas ná damáiste a tharla nó a mhaítear a tharla, go páirteach nó go hiomlán, mar gheall ar aon duine a bheith ag gníomhú, nó ag staonadh de bheith ag gníomhú, mar gheall ar ábhar atá san fhoilseachán treorach seo.

UIMHIR TUARASCÁLA:- **WERLA-R- 2024-5626**

# Clásal Séanta

Is féidir an foilseachán seo ar fad nó cuid de a atáirgeadh gan a thuilleadh ceada, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse. Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a dhearbhú.
Ní ghlacann WERLAnna le haon fhreagracht as caillteanas ná damáiste a tharla nó a mhaítear a tharla, go páirteach nó go hiomlán, mar gheall ar aon duine a bheith ag gníomhú, nó ag staonadh de bheith ag gníomhú, mar gheall ar ábhar atá san fhoilseachán treorach seo.

# RÁITEAS MISIN WERLA

Ár dtimpeallacht nádúrtha ardchaighdeáin a chosaint agus a fheabhsú trína chinntiú go ndéantar monatóireacht ar ghníomhaíochtaí dramhaíola in Éirinn agus go gcuirtear reachtaíocht dramhaíola i bhfeidhm, ar bhealach comhsheasmhach, comhordaithe agus éifeachtach, i gcomhréir le reachtaíocht agus beartais AE agus náisiúnta trí phróiseas feabhsuithe leanúnacha.

# 1 ACHOIMRE FHEIDHMEACH



## 1.1 Réamhrá

Chuir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) maoiniú €3 mhilliún ar fáil arís, trí na Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLAnna), chun tacú le Tionscnamh Frithdhumpála (TFD) 2023. Ó seoladh an tionscnamh seo in 2017, tá breis is 1,700 tionscadal curtha i gcrích go rathúil ar fud gach ceann de na tríocha a haon limistéar údaráis áitiúil. Tá TFD tar éis a chinntiú go bhfuil an dumpáil neamhdhleathach fós ard ar an gclár oibre náisiúnta agus go bhfuil tacaíochtaí agus idirghabhálacha cuí ar fáil.

Mar a bhí sna blianta roimhe seo, bhí sé mar aidhm ag TFD 2023 teagmhais dumpála neamhdhleathaí a laghdú go náisiúnta trí mhaoiniú a sholáthar do thionscadail atá dírithe ar chosc, laghdú, oideachas agus forfheidhmiú trí úsáid a bhaint as cur chuige comhoibríoch a bhaineann le húdaráis áitiúla, le pobail agus le Gníomhaireachtaí Stáit eile.

Is é cuspóir na tuarascála seo eolas a thabhairt faoin gcaoi ar úsáid na húdaráis áitiúla maoiniú 2023 ina limistéir feidhme, i gcomhréir leis Critéir TFD de réir Chiorclán WP 05.23, (Aguisín 3). Maoiníodh 222 tionscadal san iomlán in 2023, rud a d'fhág costas €2.84 milliún.

Ina theannta sin, áirítear leis an tuarascáil seo cás-staidéir i ngach limistéar údaráis áitiúil a d'fhéadfadh a bheith spéisiúil go háirithe d'údaráis áitiúla eile, do na WERLAnna, RCAC agus don phobal i gcoitinne.

## 1.2 Foghlaim agus Breathnú Chun Cinn

Ó seoladh TFD in 2017, tá réimse tionscadal frithdhumpála curtha i gcrích ar fud na tíre. Le himeacht ama, tá fócas an tionscnaimh tagtha chun cinn. In 2018, cuireadh béim orthu sin a d'éascaigh na páirtithe uile a éascaíonn gluaiseacht agus diúscairt neamhúdaraithe dramhaíola. Ó bhí 2019 ann, tá TFD dírithe ar Chosc, Laghdú, Oideachas agus Forfheidhmiú.

Tá infheistíocht i mbearta coisctheacha ina bunchuid straitéiseach den réiteach ar dhumpáil neamhdhleathach. Is féidir le bearta amhail comharthaíocht a sholáthar, soilsiú agus bacainní a shuiteáil, cothabháil tírdhreacha agus imeachtaí mhaithiúnas do shruthanna dramhaíola dúshlánacha amhail troscán téagartha agus tochtanna a bheith ina n-uirlisí éifeachtacha chun gníomhaíochtaí dumpála neamhdhleathaí a theorannú. Beart coiscthe ríthábhachtach eile ar tugadh tacaíocht dó is ea feidhmiú céimneach na bhfodhlíthe um chur i láthair dramhaíola ag na húdaráis áitiúla go léir. I measc na mbeart laghdaithe tá glantacháin siocracha móra dumpála neamhdhleathaí. Chun athrú iompraíochta fadtéarmach a chur i gcrích, is gné ríthábhachtach iad bearta oideachais agus feasachta agus úsáideadh réimse an-éifeachtach d'ábhair faisnéise agus teachtaireachtaí feasachta mar chuid de TFDanna. Déantar gníomhartha forfheidhmithe nuair is iomchuí.

Bhí dúshlán gan fasach roimh an tír i mí an Mhárta 2020 mar gheall ar Covid-19. Measadh gur seirbhís riachtanach í bailiú dramhaíola. Mar gheall ar an méadú a tuairiscíodh ar dhumpáil neamhdhleathach le linn na paindéime, cuireadh milliún euro de leithdháileadh TFD 2020 ar leataobh chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí dumpála neamhdhleathaí a bhain le Covid-19.

In 2020, d'iarr RCAC athbhreithniú freisin chun a fháil amach an raibh tionscadail TFD a cuireadh i gcrích ó bhí 2017 ann rathúil maidir le dul i ngleic le sciúirse na dumpála neamhdhleathaí. Rinneadh athamharc agus athbhreithniú ar 108 tionscadal ó TFDanna 2017, 2018 agus 2019 ar fud na 31 Údarás Áitiúil. Ar an iomlán, tháinig an t-athbhreithniú ar an gconclúid seo a leanas:

- Tá buntáistí meántéarmacha/fadtéarmacha tugtha don chomhshaol ag na Tionscnaimh Frithdhumpála.
- D'fhan na láithreáin a glanadh glan.
- Baineadh luach ar airgead amach trí TFD.
- Chuir an trealamh a ceannaíodh teicneolaíocht chliste ar fáil d'údaráis áitiúla sa streachailt leanúnach i gcoinne dumpála neamhdhleathaí.
- Tá cláir feasachta tar éis an fhadhb dumpála neamhdhleathaí a chur i dtábhacht agus feasacht a ardú ar scála na faidhbe tríd an raidió, nuachtáin, cláir fógraí agus na meáin shóisialta.
- Tá comhpháirtíochtaí láidre cruthaithe le grúpaí pobail (Bailte Slachtmhara/Rotary etc.) agus le gníomhaireachtaí stáit eile amhail an tseirbhís phromhaidh agus Óglaigh na hÉireann.
- Tá gá leanúnach le scéimeanna breise FBT (Freagracht Bhreisithe Táirgeora) chun déileáil le dramhaíl théagartha agus tochtanna.

Ina theannta sin, iarradh maoiniú TFD in 2020 chun feasacht a mhúscailt trí fhaisnéis a fhorbairt faoi dhumpáil neamhdhleathach agus gníomhartha diúltacha bainistíochta dramhaíola. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil ar www.mywaste.ie d'údaráis áitiúla agus do ghrúpaí pobail. Bhí trí thasc oibre ag an mBainistíocht Dramhaíola Réigiúnach do Chiste TFD 2020. Seo iad:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chumarsáid TFD atá ann cheana féin agus treoir stíle a fhorbairt do fheachtais bhreise.

- Ábhair feachtasaíochta a tháirgeadh lena n-úsáid ag an bpobal agus ag an earnáil údarás áitiúil araon.

- Stór a chruthú ar www.mywaste.ie chun na hábhair sin a stóráil agus an suíomh sin a dhéanamh inrochtana ag na húdaráis áitiúla agus ag grúpaí pobail araon.

Tar éis athbhreithniú fairsing ar na hábhair atá ann cheana féin, choimisiúnaigh an oifig pleanála dramhaíola cuideachta dearaidh chruthaithigh chun sraith ábhar cumarsáide a fhorbairt a rachadh i bhfeidhm ar shaoránaigh na hÉireann a léireodh eachtraí dumpála neamhdhleathaí. Roghnaíodh iad sin go cúramach chun an difríocht sa tírdhreach idir oirthear agus iarthar, uirbeach agus tuaithe a léiriú. Is é mana na n-ábhar uile "Do Chontae/Do Chathair/Do Bhaile/Do Shráidbhaile", agus spreagann siad freagracht phearsanta chun dramhaíl a bhainistiú. Moltar d'Údaráis Áitiúla an t-ardán sin a úsáid agus seoladh nasc chuig gach údarás áitiúil chun logáil isteach.

Agus an feachtas á fhorbairt in 2020, cuireadh maoiniú ar fáil do na hOifigí Réigiúnacha um Phleanáil maidir le Bainistiú Dramhaíola (ORPBDanna) in 2021 chun feachtas feasachta náisiúnta a chur i gcrích maidir le dumpáil neamhdhleathach áitiúil.

Tá spreagadh láidir tugtha do thionscadail nuálacha, a aithníonn dramhaíl mar acmhainn a d'fhéadfaí a athúsáid lena húsáid i nGeilleagar Ciorclach, agus leanfar leis sin in 2024. Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar líon agus ar éagsúlacht na dtionscadal sin agus tá grúpaí pobail agus fiontair shóisialta tar éis glacadh leo.

Aithníonn na WERLAnna tiomantas mhaoiniú RCAC agus clár bliantúil TFD agus creideann siad go bhfuil an-tairbhe ag baint leis an tionscnamh seo go náisiúnta, lena spreagtar comhoibriú le pobail, le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile.

Ag breathnú chun cinn freisin i gcomhréir leis an Tionscnamh Frithdhumpála, is bealach éifeachtach iad Seicphointí Feithiclí Ilghníomhaireachta (SFInna) chun comhoibriú a spreagadh agus deiseanna líonraithe láidre a thógáil idir gníomhaireachtaí. Is féidir le SFInna bheith níos éifeachtaí fós nuair a dhéantar iad i limistéir ard-infheictheachta, amhail bóithre náisiúnta agus mótarbhealaí. Cuireann an infheictheacht sin teachtaireacht láidir maidir le forfheidhmiú comhoibríoch in iúl don earnáil dramhaíola. Mar sin féin, is féidir costais mhóra a bheith i gceist le SFInna ar bhóithre náisiúnta agus ar mhótarbhealaí. Chun na costais sin a mhaolú, d'fhéadfadh maoiniú a bheith ar fáil i gcás ina mbeadh comhaontú ann leis an nGarda Síochána agus leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

## 1.3 Léarscáil de na WERLAnna

**Réigiún Chonnacht-Uladh**

**Réigiún an Oirthir-Lár Tíre**

**Réigiún an Deiscirt**



# 2 TIONSCNAMH FRITHDHUMPÁLA 2023



## 2.1 Iarratais

Le ciorclán TFD, (Imlitir WP 05.23: Tionscnamh Frithdhumpála 2023, dar dáta an 14 Márta 2023), féach aguisín 3, leagtar amach an próiseas iarratais, an roghnú tionscadail, agus na critéir mhaoinithe deontais. Ar an 14/03/2023, thug WERLA cuireadh d'údaráis áitiúla tionscadail a chur isteach lena mbreithniú agus lena gcur san áireamh le TFD 2023.

Lean an Roinn de bheith ag spreagadh tionscadal nuálacha go láidir, tionscadail a aithníonn dramhaíl mar acmhainn ar féidir í a athúsáid i nGeilleagar Ciorclach. Tacaíodh le tionscadail a dhéanann foráil do bhailiú agus athchóiriú earraí nach dteastaíonn ach atá inúsáidte, amhail rothair agus péinteanna. Tá an earnáil Rialtais Áitiúil faoi stiúir na nOifigí Réigiúnacha um Phleanáil maidir le Bainistiú Dramhaíola (ORPBDanna) ag obair chun athúsáid péinteanna a spreagadh tríd an líonra athúsáide péinte. Tacaíodh le tionscadail athúsáide teicstílí amhail cúrsaí uaschúrsála teicstílí agus athchúrsáil tochta freisin.

Tá infheistíocht i mbearta coisctheacha ina bunchuid straitéiseach den réiteach ar dhumpáil neamhdhleathach. Is féidir le bearta amhail comharthaíocht a sholáthar, soilsiú agus bacainní a shuiteáil, agus cothabháil tírdhreacha a bheith ina n-uirlisí éifeachtacha chun gníomhaíochtaí dumpála neamhdhleathaí a theorannú. Le tionscadail a chabhraíonn le daoine "an rud ceart a dhéanamh" i gcás sruthanna dramhaíola dúshlánacha amhail troscán téagartha, péinteanna agus dramhaíl ghuaiseach, cuirfear deireadh le deiseanna d'oibreoirí gan scrupall na míreanna sin a dhumpáil go neamhdhleathach freisin. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtacaítear go sainráite le soláthar bonneagair ghnáthaimh amhail gnáthbhoscaí bruscair ar an tsráid faoi thionscnamh TFD.

Leanadh de thacaíocht a thabhairt do bhearta laghdaithe amhail glantacháin agus cothabháil siocracha móra dumpála neamhdhleathaí aitheanta faoi TFD 2023. Tá sé riachtanach go dtabharfaí aird ar chúram agus ar chothabháil fhadtéarmach na láithreán ina ndéantar iarrachtaí glantacháin den sórt sin, chun a chinntiú nach dtarlóidh aon ghníomhaíocht dumpála neamhdhleathaí arís.

## 2.2 Iarratais

Bhí éagsúlacht i gcineál agus i scála na dtionscadal a cuireadh isteach lena mbreithniú in 2023 agus áiríodh iontu:

### Oideachas agus Feasacht

- Feachtais Feasachta Poiblí chun dumpáil neamhdhleathach a chosc, mar shampla, trí chomharthaíocht, tionscnaimh phobail, na meáin shóisialta, pictiúrlanna, nuachtáin agus raidió.
- Tionscadal Conláiste Cathartha – inrochtaineacht do chách.
- Feachtais Oideachais agus Feasachta do leanaí scoile chun athchuspóiriú agus athúsáid ábhar a spreagadh mar aon le tionscnaimh frithbhruscair.
- Tionscnamh Picker Pals.
- Tionscadal Plaisteach Aigéin.
- Cur chun cinn cupán agus buidéal in-athúsáidte.
- Tionscadal laghdaithe plaisteach aon úsáide.

### Tionscadail Nuálacha a chuireann Geilleagar Ciorclach chun cinn

- Cur chun cinn tionscnamh ag fiontair shóisialta a athchúrsálann péinteanna a bhailítear ó chonláistí cathartha lena n-athúsáid.
- Cur chun cinn athchóirithe agus athúsáide rothair ag fiontair shóisialta agus carthanachtaí.
- Athchúrsáil tochtanna.
- Cúrsaí uaschúrsála teicstílí.

### Cosc agus Laghdú

- Soláthar uirlisí agus trealaimh do ghrúpaí pobail chun cabhrú leo ina n-iarrachtaí a gceantair a choinneáil saor ó bhruscar agus ó dhumpáil neamhdhleathach.
- Laethanta glantacháin pobail.
- Glantacháin ar limistéir atá i mbaol bruscair agus dumpála neamhdhleathaí e.g. limistéir chónaithe, cois bóithre, bealaí siúil ardscéimhe, aibhneacha, srutháin, imeallbhord, Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéir Oidhreachta Náisiúnta.
- Forbairt limistéar ina raibh bruscar agus dumpáil neamhdhleathach, le haghaidh úsáide pobail agus áineasa.
- Bearta chun tuilleadh caithimh bruscair agus dumpála neamhdhleathaí a dhíspreagadh i ndiaidh glantacháin e.g. fálú, soilsiú, comharthaíocht, baint imfhás.
- Suiteáil boscaí bruscair dlúthúcháin cliste grianchumhachtaithe le haghaidh athchúrsála agus dramhaíola iarmharaigh i limistéir atá i mbaol bruscair agus boscaí bruscair atá ag cur thar maoil.

- Suiteáil “Boscaí Bruscair Píotsa” ag suíomhanna saoire le haghaidh coimeádáin bia inmhúirínithe mar aon le dramhaíl bia, naipcíní, agus sceanra inmhúirínithe.
- Athsholáthar málaí bruscair salachar madraí ar bhealaí siúil.
- Meaisín bainte guma coganta.
- Laethanta Maithiúnais Troscáin Théagartha.
- Laethanta Maithiúnais Dramhaíola Guaisí.
- Trealamh faireachais e.g. CCTV agus dróin.
- Braiteoirí agus gléasanna fuaime ag Ionaid fág anseo.
- Tionscadal chun ionad conláiste cathartha a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine scothaosta agus do leanaí.

## Forfheidhmiú

- Gníomhartha forfheidhmithe i ndiaidh glantacháin.
- Oiliúint forfheidhmithe dramhaíola.
- Réitigh dhigiteacha le haghaidh imscrúduithe dramhaíola agus bruscair.
- Táibléid forfheidhmithe dramhaíola.
- Tionscadail/feachtais feasachta maidir le Fodhlíthe um Chur i Láthair Dramhaíola.
- Obair ghrianghrafadóireachta ón aer ar láithreáin amhrasacha.
- Fostú imscrúdaitheora phríobháidigh chun fianaise a bhailiú maidir le bailitheoirí agus dumpálaithe dramhaíola neamhdhleathacha amhrasta.

Ba chomhiarrachtaí iad formhór na dtionscadal idir údaráis áitiúla agus grúpaí pobail, coistí na mBailte Slachtmhara, fiontair shóisialta, carthanachtaí agus clubanna spóirt mar aon le gníomhaireachtaí stáit eile.

## 2.2 Critéir Roghnúcháin Tionscadail

Rinneadh measúnú ar iarratais bunaithe ar na critéir seo a leanas (mar a leagtar amach in Aguisín II de chiorclán TFD):

1. Gníomhartha beartaithe a dhíríonn ar na ceithre phríomhbheart dá dtagraítear i gCiorclán WP 05.23 i.e. (i) cosc, (ii) laghdú, (iii) oideachas agus feasacht agus (iv) forfheidhmiú.
2. Limistéir a aithníodh faoin dtuarascáil le déanaí maidir le Gnó na hÉireann i gCoinne an Bhruscair (IBAL).
3. Ailíniú le Tosaíochtaí Náisiúnta Forfheidhmithe Dramhaíola 2022-2024.
4. An méid dumpála neamhdhleathaí atá i gceist sa limistéar tionscadail atá beartaithe. Ní mór grianghraif a chur isteach chun tacú leis an gcritéar seo.
5. Cóngaracht do LCSanna/LONanna etc.
6. Gníomhaíochtaí beartaithe lena neartaítear an teachtaireacht náisiúnta um fhorghníomhú dramhaíola agus a spreagann úsáid na n-uirlisí náisiúnta forfheidhmithe dramhaíola atá ann cheana e.g. an líne náisiúnta gearán, an Fhoireann Uirlisí Frithdhumpála agus an Aip See It? Say It! (www.epa.ie).
7. Gníomhartha beartaithe a fhéachann le cur leis an tuiscint náisiúnta ar na cúiseanna atá leis an dumpáil neamhdhleathach, i.e. cad iad na tosca sóisialta agus eacnamaíocha a spreagann an t-iompar sin?
8. I gcomhthéacs na bainistíochta dramhaíola, is féidir le húsáid na teicneolaíochta nua-aimseartha tionchar na-eachtraí dumpála neamhdhleathaí a laghdú agus rannchuidiú lena laghdú fadtéarmach. D’fhéadfadh táirgí, seirbhísí nó feidhmchláir a bheith san áireamh sna tograí, amhail boscaí bruscair dlúthúcháin grianchumhachtaithe agus uirlisí aeríomhánna amhail dróin.
9. Gníomhartha beartaithe a léiríonn tionchar intomhaiste ar an riosca sonrach – deireadh a chur leis nó maolú substaintiúil a dhéanamh air.
10. Sonraí faoi aon chomhpháirtíocht tionscadail atá beartaithe le heagraíochtaí deonacha amhail: a. Grúpaí Pobail. b. Coistí na mBailte Slachtmhara c. Clubanna Spóirt. agus/nó ó Ghníomhaireachtaí Stáit eile amhail: d. Seirbhís Phromhaidh. e. Cosaint Shibhialta etc.
11. Sonraí maidir le conas a dhéanfar meastóireacht ar an tionscadal chun a éifeachtacht a chinneadh tar éis a chríochnaithe.
12. Miondealú Buiséid.

## 2.3 Critéir Mhaoinithe Deontais

Agus na hiarratais a fuarthas á mbreithniú acu, chloígh na WERLAnna leis na critéir seo a leanas maidir le hiarratais ar dheontas:

1. Ní mór limistéir tionscadail a bheith suite ar thalamh atá inrochtana ag an bpobal nó in aon áit atá le feiceáil ar chor ar bith ó áit phoiblí.
2. Ba cheart do thionscadail a bhaineann le glantachán ábhair a dumpáladh go neamhdhleathach breithniú a dhéanamh ar bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm a thuilleadh chun aon atarlú a laghdú.
3. Breithneofar go fabhrach tionscadail a léiríonn cur chuige comhtháite lena mbaineann Gníomhaireachtaí Stáit eile amhail an Garda Síochána, an tAonad Imscrúdaithe Speisialta sa Roinn Coimirce Sóisialaí agus/nó na Coimisinéirí Ioncaim/Custaim.
4. Ní mór d’iarratasóirí a bheith in ann sonraí a sholáthar maidir le méid na dumpála neamhdhleathaí atá ag tarlú laistigh de limistéar an tionscadail. Ba cheart go mbeadh léarscáil den limistéar tionscadail san áireamh leis sin ina léirítear an suíomh dumpála reatha agus meastachán ar mhéid agus ar chineál na dramhaíola atá le glanadh.

5. Ní chuirfear maoiniú ar fáil do thionscadail a bhfuil maoiniú eile ar fáil ina leith – e.g. glantacháin sciúrtha díosail, láithreáin stairiúla, Scéim Deontais Feasachta Frithbhruscair agus Frithghraifítí etc.

6. Ní mhaoineofar tuarastail/pá.

7. Ní mór don iarratasóir a léiriú go dtabharfar gníomhaíochtaí tionscadail chun críche le linn 2023 agus go bhféadfaidh siad tacú le tionscnaimh amhail:

    - Glantachán Náisiúnta Earraigh – Spreagann an feachtas seo gach earnáil den tsochaí chun páirt ghníomhach agus freagracht a ghlacadh as glantacháin bruscair ina dtimpeallacht áitiúil agus tá tacaíocht láidir tugtha dó ag an Roinn.

    - Tionscadail Córstaí Glana.

    - Seachtainí Glantacháin na nÚdarás Áitiúil.

8. Ní mór don iarratasóir a léiriú go bhfuil imscrúduithe críochnaithe agus go bhfuil gníomhartha forfheidhmithe tionscnaithe i gcás inarb iomchuí.

9. Ní mór d'iarratasóirí a n-éireoidh leo dul i dteagmháil go rialta le WERLA ina Réigiún agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar chur chun cinn an tionscadail sna meáin.

# 3 MIONDEALÚ TIONSCADAIL DE RÉIR RÉIGIÚIN AGUS ÚDARÁIS ÁITIÚIL



## Miondealú tionscadail de réir Réigiúin agus Údaráis Áitiúil
## 3.1 Réigiún Chonnacht agus Uladh (RCU)

| Réigiún | Údarás Áitiúil | Líon tionscadal | Teideal an Tionscadail | Maoiniú |
|---|---|---|---|---|
| RCU | An Cabhán | 5 | Cosaint Ionad Fág Anseo | |
| RCU | An Cabhán | | Bailiú Earraí Téagartha agus Tochtanna | |
| RCU | An Cabhán | | Boscaí Bruscair Grianchumhachtaithe | €110,536.58 |
| RCU | An Cabhán | | Oideachas agus Feasacht ar Bhruscar do bhunscoileanna. | |
| RCU | An Cabhán | | Glantacháin Láithreáin | |
| | | | | |
| RCU | Dún na nGall | 14 | Glantachán Kinnear | |
| RCU | Dún na nGall | | Glantachán an Droma Fhada | |
| RCU | Dún na nGall | | Tacaíocht Glantacháin CB Leitir Ceanainn/Bhaile na nGallóglach | |
| RCU | Dún na nGall | | Ceamaraí tacaíochta CCTV | |
| RCU | Dún na nGall | | Miondealú Trealamh Faireachais – Cártaí SD | |
| RCU | Dún na nGall | | Miondealú Trealamh Faireachais – Ceallraí | €106,998.17 |
| RCU | Dún na nGall | | Bailiú Earraí Téagartha | |
| RCU | Dún na nGall | | Coimeádán Tacaíochta Pobail Dhún na nGall, CB Mhurbhaigh | |
| RCU | Dún na nGall | | Coimeádán Tacaíochta Pobail Chill Mhic Réanáin | |
| RCU | Dún na nGall | | Glantachán Pobail: Málaí agus bainteoirí bruscair in aghaidh an CB x 5 | |
| RCU | Dún na nGall | | Comharthaíocht Frithdhumpála | |
| RCU | Dún na nGall | | Athchúrsáil Péinte | |
| | | | | |
| RCU | Dún na nGall | | 2 x Coimeádán do Mhaoir Bhruscair, agus Bainteoirí Bruscair breise, | |
| RCU | Dún na nGall | | Coimeádán Tacaíochta Pobail Dhún na nGall, CB na Trá Báine | |
| | | | | |
| RCU | Cathair na Gaillimhe | 7 | Tionscadal Fána Glas | |
| RCU | Cathair na Gaillimhe | | Lánaí a Ghlasú | €89,329.55 |
| RCU | Cathair na Gaillimhe | | Love Galway | |
| RCU | Cathair na Gaillimhe | | Bailiú Earraí Téagartha | |
| RCU | Cathair na Gaillimhe | | Feachtas Feasachta Frithdhumpála | |
| RCU | Cathair na Gaillimhe | | Tacaíocht do Hidreabhrat Chathair na Gallimhe | |
| RCU | Cathair na Gaillimhe | | Tacaíocht le haghaidh Bailiú Dramhaíola Guaisí | |
| | | | | |
| RCU | Contae na Gaillimhe | | Bailiú Earraí Téagartha | €60,401.83 |
| RCU | Contae na Gaillimhe | | Comharthaíocht Leictreonach | |
| RCU | Contae na Gaillimhe | | Cláir fógraí | |
| RCU | Contae na Gaillimhe | | Baint Carbháin | |
| RCU | Contae na Gaillimhe | | Glantachán Láithreáin | |
| RCU | Contae na Gaillimhe | | Comharthaíocht | |
| RCU | Contae na Gaillimhe | | Oiliúint Feasachta le Eddie Murphy | |
| RCU | Contae na Gaillimhe | | Glantachán na Páirce Móire | |
| RCU | Contae na Gaillimhe | | Bosca bruscair dlúthúcháin grianchumhachtaithe | |

## Miondealú tionscadail de réir Réigiúin agus Údaráis Áitiúil
## 3.1 Réigiún Chonnacht agus Uladh (RCU)

| Réigiún | Údarás Áitiúil | Líon tionscadal | Teideal an Tionscadail | Maoiniú |
|---|---|---|---|---|
| RCU | Liatroim | | Bailiú Dramhaíola Téagartha (tí) | |
| RCU | Liatroim | | Tacaíocht Pobail le linn Glantachán Náisiúnta Earraigh | |
| RCU | Liatroim | | Féile Scannán Bruscair – Tacaíocht do Scoileanna | |
| RCU | Liatroim | | Tacaíocht do GeoPal Solutions | €113,366.58 |
| RCU | Liatroim | | Meáin, Fógraíocht páipéir agus raidió | |
| RCU | Liatroim | | Oiliúint Dróin | |
| RCU | Liatroim | | Dumpáil Neamhdhleathach – Mainers Way | |
| RCU | Liatroim | | Boscaí Bruscar Grianchumhachtaithe – Baile Hamaltúin | |
| RCU | Liatroim | | Bailiú Dramhaíola Guaisí Tí | |
| | | | | |
| RCU | Maigh Eo | 8 | Glantachán Láithreáin Aillte na Coime | |
| RCU | Maigh Eo | | Glantachán Láithreáin na Sraithíní Acaill | €71,098.16 |
| RCU | Maigh Eo | | Glantachán Láithreáin Ghairdín Pobail na Cé | |
| RCU | Maigh Eo | | Glantachán Láithreáin Abhainn Bhéal Átha na Muice | |
| RCU | Maigh Eo | | Glantachán Láithreáin CB Bhéal an Átha | |
| RCU | Maigh Eo | | Glantachán Láithreáin CB Chaisleán an Bharraigh | |
| RCU | Maigh Eo | | Gléasanna Rabhaidh Fuaime Ionaid Fág Anseo | |
| RCU | Maigh Eo | | Feasacht ar Thine Chnámh | |
| | | | | |
| RCU | Muineachán | 8 | Bailiú dramhaíola téagartha | |
| | | | | |
| RCU | Muineachán | | Suirbhé dorais tí agus leabhrán | |
| RCU | Muineachán | | Lá bailiúcháin dramhaíola guaisí | |
| RCU | Muineachán | | Glantachán Láithreáin CB 1 – Baile na Lorgan agus Eoroim | €109,981.29 |
| RCU | Muineachán | | Glantachán Láithreáin CB 2 – Carraig Mhachaire Rois | |
| RCU | Muineachán | | Obair ghrianghrafadóireachta ón aer ar láithreáin amhrasacha | |
| RCU | Muineachán | | Boscaí Bruscar Grianchumhachtaithe | |
| RCU | Muineachán | | Feachtas Feasachta | |
| | | | | |
| RCU | Ros Comáin | 7 | Oiliúint forfheidhmithe dramhaíola | |
| RCU | Ros Comáin | | Tionscadal Dramhaíola Bhealach an Doirín | |
| RCU | Ros Comáin | | Bailiú Earraí Téagartha | €111,017.57 |
| RCU | Ros Comáin | | Baint Bonn | |
| RCU | Ros Comáin | | Leabhrán Póca Treoir maidir le Bainistiú Dramhaíola | |
| RCU | Ros Comáin | | Feachtas Feasachta ar Fhodhlithe | |
| RCU | Ros Comáin | | Cúrsa Uaschúrsála Teicstílí | |
| | | | | |
| RCU | Sligeach | | Imeacht Maithiúnais Earraí Téagartha | |
| RCU | Sligeach | | Imeacht Maithiúnais Tochta | |

## Miondealú tionscadail de réir Réigiúin agus Údaráis Áitiúil
## 3.1 Réigiún Chonnacht agus Uladh (RCU)

| Réigiún | Údarás Áitiúil | Líon tionscadal | Teideal an Tionscadail | Maoiniú |
|---|---|---|---|---|
| RCU | Sligeach | | Rothair don Afraic | €65,589.54 |
| RCU | Sligeach | | Boscaí Bruscar Grianchumhachtaithe | |
| RCU | Sligeach | | Comharthaíocht | |
| RCU | Sligeach | | Tionscadail ghlantacháin bheaga | |
| | | | | |
| RCU | WERLA CU | | Trealamh ceamara agus suirbhéireachta feabhsaithe do Dhrón M300 | €15,873 |



## Miondealú tionscadail de réir Réigiúin agus Údaráis Áitiúil
## 3.2 Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre (ROLT)

| Réigiún | Údarás Áitiúil | Líon tionscadal | Teideal an Tionscadail | Maoiniú |
|---|---|---|---|---|
| ROLT | Cathair Bhaile Átha Cliath | 9 | Lár – Glantachán Bhruach na Canálach Ríoga – Tionscnamh Comhpháirteach le hUiscebhealaí Éireann agus Iarnród Éireann. | €10,885.80 |
| | | | Thoir Theas – Imeacht Athchúrsála Tochta | €4,725.02 |
| | | | Thiar Thuaidh – Laethanta athchúrsála i gceantar X 2 | €12,243.09 |
| | | | Thuaidh-Lár – Stáisiún DART Chill Bharróg – Tionscadal Feabhsúcháin Chorrán Pháirc na Gráinsí | €6.300.00 |
| | | | Theas-Lár – Bláthanna Fiáine Shiúlán San Séamas | €6,344.64 |
| | | | Lárlimistéar – Maithiúnas Tochta Soghluaiste | €8,621.75 |
| | | | Theas-Lár – Gairdín inite buantalmhaíochta Thionscadal Stone Soup | €14,309.59 |
| | | | Lárlimistéar – Ceannach Meaisín Bainte Fiailí – Weedhex AS30 | €5,550.64 |
| | | | Feabhsú ar sheanbhealaí isteach Thúr Bhaile Munna | €4.960.46 |
| | | | | |
| ROLT | Dún Laoghaire Ráth an Dúin | 4 | Lá Maithiúnais Dramhaíola Guaisí Tí – Cuan Dhún Laoghaire | €29,576.60 |
| | | | Rothair don Afraic | €16,156.15 |
| | | | Lá Maithiúnais Tochta – Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin | €18,152.52 |
| | | | Táibléid forfheidhmithe dramhaíola | €1,459.66 |
| | | | | |
| ROLT | Fine Gall | 2 | Tionscadal Fodhlíthe um Chur i Láthair Dramhaíola – Céim 1 (Glanadh Sonraí agus Éirchóid a chur le Seoltaí). | €24,229.45 |
| | | | Feachtais Feasachta Pictiúrlainne | €68,300.62 |
| | | | | |
| ROLT | Cill Dara | 5 | Lá Maithiúnais Tochta | €28,031.77 |
| | | | Leabhrán faisnéise dramhaíola do shealbhóirí tí | €30,316.04 |
| | | | Droichead Louisa, glantachán Loch na Móna | €5,036.70 |
| | | | Glantachán Sheanghort Glas, Maigh Nuad | €3,243.40 |
| | | | Glantachán Choill Dún | €5,675.00 |
| | | | | |
| ROLT | Laois | 3 | Maithiúnas Dramhaíola Téagartha – Port Laoise | €67,252.54 |
| | | | Maithiúnas Dramhaíola Téagartha – Cúil an tSúdaire | €32,090.40 |
| | | | Feachtas Clár Fógraí – Diúscairt Dramhaíola Neamhdhleathaí | €4.415.70 |
| | | | | |
| ROLT | An Longfort | 6 | Réitigh dhigiteacha le haghaidh imscrúduithe dramhaíola agus bruscair | €18.499.20 |
| | | | Leacht Chogadh na Saoirse Chluain Fionn | €5,463.89 |
| | | | Corr Liath – Páirc Fásaigh na Sionainne | €1,426.01 |
| | | | Cluain Riain agus Coill Salach | €3,252.00 |
| | | | Boscaí bruscair cliste do Cheantair Conláiste Áitiúla | €21,350.34 |
| | | | Talamh Dramhaíola Shráid an Uisce | €20,593.62 |
| | | | | |
| ROLT | Lú | 5 | Imeacht Maithiúnais Tochta agus Toilg – Dún Dealgan | €30,531.42 |
| | | | Imeacht Maithiúnais Tochta agus Toilg – Droichead Átha | €32,496.53 |

## Miondealú tionscadail de réir Réigiúin agus Údaráis Áitiúil
## 3.2 Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre (ROLT)

| Réigiún | Údarás Áitiúil | Líon tionscadal | Teideal an Tionscadail | Maoiniú |
|---|---|---|---|---|
| | | | Imeacht Maithiúnais Tochta agus Toilg – Baile Átha Fhirdhia Co. Lú | €15,627.04 |
| | | | Glantachán Abhainn Chaisleáin Dhún Dealgan | €6,810.00 |
| | | | Glantachán Chaolsráid Mhuirtheimhne Mór | €6,242.50 |
| | | | | |
| ROLT | An Mhí | 3 | Bailiú Dramhaíola Téagartha ag Ionad Athchúrsála na hUaimhe | €37,482.00 |
| | | | Bailiú Dramhaíola Téagartha ag Ionad Athchúrsála Cheanannais | €33,137.00 |
| | | | Bailiú Dramhaíola Téagartha ag Ionad Athchúrsála Bhaile Átha Troim | €32.907.00 |
| | | | | |
| ROLT | Uíbh Fhailí | 5 | Boscaí Bruscar Dlúthúcháin Grianchumhachtaithe | €31,204.00 |
| | | | Glantacháin ar siocracha móra dumpála neamhdhleathaí ag Cluain Bolg | €29,313.61 |
| | | | Glantachán dumpála neamhdhleathaí feadh an bhóthair isteach chuig láithreán Mainistreach Chluain Mhic Nóis | €31,204.00 |
| | | | Glantachán dumpála neamhdhleathaí feadh N52 Tulach Mhór go Biorra | €29,313.61 |
| | | | Feachtas Feasachta Raidió | €11,934.77 |
| | | | | |
| ROLT | Baile Átha Cliath Theas | 4 | Maithiúnas Tochta 2023 | €36,732.01 |
| | Baile Átha Cliath Theas | | Scéim Aisghabhála Leachtanna Guaiseacha | €16,647.80 |
| | Baile Átha Cliath Theas | | Soláthar Drón | €4,028.00 |
| | Baile Átha Cliath Theas | | Sruthán Bhaile an Fhaoitigh | €20,000.00 |
| | | | | |
| ROLT | An Iarmhí | 6 | Tionscnaimh bainistithe dramhaíola Fleadh 2023. | €17,002.75 |
| | An Iarmhí | | Tionscadal laghdaithe plaisteach aon úsáide | €11,292.00 |
| | An Iarmhí | | (1) Ceannach 5 bhosca bruscair grianchumhachtaithe do CB Bhaile Átha Luain | €35,000.00 |
| | An Iarmhí | | Cláir um phiocadh bruscair 2 nóiméad | €2,160.00 |
| | An Iarmhí | | Cur Chun Cinn Bosca Bruscair Donn | €11,205.00 |
| | An Iarmhí | | Glantachán Eastát Abbeylands. | €11,066.25 |
| | | | | |
| ROLT | Cill Mhantáin | 6 | Glantachán Chlós Chúil Dreas, Cill Chomhghaill | €9,000.00 |
| | Cill Mhantáin | | Maithiúnas Tochta na gCloch Liath agus Rampar. | €20,000.00 |
| | Cill Mhantáin | | Bailiú Dramhaíola Guaisí – Ionad Athchúrsála Chill Mhantáin, An Murrough, Baile Chill Mhantáin. | €19,000.00 |
| | Cill Mhantáin | | Bailiú Dramhaíola Guaisí – Ionad Athchúrsála Rampair, Bealach Conglais, Co. Chill Mhantáin | €15,000.00 |
| | Cill Mhantáin | | Bainistiú bruscair i limistéir ard-scéimhe – Cuan an Bhriotáis | €7,000.00 |
| | Cill Mhantáin | | Ceannach trealaimh – Drón lena n-áirítear oiliúint agus oiriúintí agus táibléid. | €4,500.00 |

## Miondealú tionscadail de réir Réigiúin agus Údaráis Áitiúil
## 3.3 Réigiún an Deiscirt (RD)

| Réigiún | Údarás Áitiúil | Líon tionscadal | Teideal an Tionscadail | Maoiniú |
|---|---|---|---|---|
| RD | Ceatharlach | 6 | Fostú Bleachtaire Príobháidigh chun fianaise a bhailiú ar thrí láithreán dramhaíola neamhdhleathacha áitiúla a bhfuil amhras fúthu i gCo. Cheatharlach. | €22,940.00 |
| | | | Rochtain Athchúrsála do Chách Ionad Conláiste Cathartha Bhaile Mhic Thiarnáin | €11,360.00 |
| | | | Dumpáil neamhdhleathach a bhaint ó lánaí agus ó shiocracha móra bruscair chuig saoráid cheadúnaithe. | €8,500.00 |
| | | | Tacaíocht do ghrúpaí Glantacháin Deonacha ar fud an Chontae | €32,500.00 |
| | | | Réitigh Choisctheacha i bhfoirm Comharthaíochta Cliste le haghaidh dumpála neamhdhleathaí | €9,700.00 |
| | | | Rothair don Afraic | €5,000.00 |
| | | | | |
| RD | An Clár | 4 | Lá Maithiúnais Dramhaíola Guaisí | €10,000.00 |
| | | | Laethanta Maithiúnais Tochta, i suíomhanna éagsúla ar fud an chontae | €20,000.00 |
| | | | Fálú ag suíomhanna éagsúla | €30,000.00 |
| | | | Glantacháin agus comharthaíocht | €30,000.00 |
| | | | | |
| RD | Cathair Chorcaí | 10 | Glantachán Bhóthar an Bháicéara | €5,000.00 |
| | | | Lá Bailiúcháin Dramhaíola Guaisí | €15,000.00 |
| | | | Maithiúnas Tochta | €10,500.00 |
| | | | Cluainte Pháirc an Aonaigh | €13,000.00 |
| | | | Na Cillíní Íochtair | €13,530.00 |
| | | | Clár Scoileanna Picker Pals | €8,318.00 |
| | | | Grá Do Do Cheantar – Feachtas Frithbhruscair | €9,652.00 |
| | | | Glantachán Trá – Plás San Gearóid | €2,000.00 |
| | | | Bailiúcháin Earraí Téagartha | €2,000.00 |
| | | | | |
| RD | Contae Chorcaí | 15 | Soláthar uirlisí agus trealaimh do phobail | €10,707.00 |
| | | | Tionscadal Bosca Bruscair Grianchumhachtaithe | €10,707.00 |
| | | | Tionscadal Athchóirithe agus Bithéagsúlachta Bhaile Dhónaill | €15,801.00 |
| | | | | |
| RD | Contae Chorcaí | | Comhartha Ciorclach agus Tionscadal Athúsáide Rothar | €13,824.00 |
| | | | Glantachán pobail ar bhruscar/smionagar mara ar Chladach Bhá Bheanntraí | €1,294.00 |
| | | | Glantachán Bruscair/Smionagar Mara ag Pobal Oileáin Iarthar Chorcaí | €9,747.00 |
| | | | Feabhsú Tránna Iarthar Chorcaí | €880.00 |
| | | | Glantachán Cósta le Ocean Plastic Project CTR | €4,674.00 |
| | | | Tarraingt Gluaisteáin | €3,627.00 |
| | | | Siúlán Chnoc an Chlochair/Ionad Pobail Bhaile Mhistéala | €5,700.00 |
| | | | Glantachán Claífoirt Srutháin, Plás Liam McGearailt/Mainéar Larchwood, Mainistir Fhear Maí | €1,500.00 |
| | | | Glantachán diúscartha neamhdhleathaí in Inis Eonáin | €4,000.00 |
| | | | Glantachán diúscartha neamhdhleathaí ag Cnoc na Rós, Carraig Uí Leighin | €4,000.00 |

## Miondealú tionscadail de réir Réigiúin agus Údaráis Áitiúil
## 3.3 Réigiún an Deiscirt (RD)

| Réigiún | Údarás Áitiúil | Líon tionscadal | Teideal an Tionscadail | Maoiniú |
|---|---|---|---|---|
| | | | TFD Phobal na mBailte Slachtmhara, Greanach | €637.00 |
| | | | Plean Frithdhumpála Phobal Dhroichead na Scuab | €694.00 |
| | | | | |
| RD | Ciarraí | 6 | Baint Dramhaíola a Dumpáladh go Neamhdhleathach | €20,000.00 |
| | | | Ceannach Earraí Stoic do Ghrúpaí Pobail | €16,000.00 |
| | | | Maithiúnas Tochta agus Bailiú Dramhaíola Téagartha | €30,000.00 |
| | | | Bailiú Dramhaíola Neamhúdaraithe (Fear le Vean) | €5,000.00 |
| | | | Ceannach Meaisín Bainte Guma Coganta | €6,000.00 |
| | | | Ceannach Boscaí Bruscair Dlúthúcháin | €13,000.00 |
| | | | | |
| RD | Cill Chainnigh | 5 | Maithiúnas Troscáin Théagartha | |
| | | | Na Meáin/Feasacht an Phobail | €18,000.00 |
| | | | Glantachán ciumhaiseanna bóthair éagsúla ar fud an Chontae | €16,000.00 |
| | | | | |
| RD | Cill Chainnigh | | Glantachán Siocracha Móra Bruscair | €24,500.00 |
| | | | Braiteoirí Bainc Buidéal | €3,700.00 |
| | | | | |
| RD | Luimneach | 17 | Ascaill Uí Loingeacháin | €20,000.00 |
| | | | Bóthar de hÍde | €9,000.00 |
| | | | Páirc ag Radharc an Phrióra | €7,000.00 |
| | | | 157 Bóthar de hÍde | €6,000.00 |
| | | | Páirc Uí Ógáin, Ráth Bhán, Luimneach | €5,000.00 |
| | | | Bóthar an Phairtín | €4,500.00 |
| | | | Bóthar Mhílic | €4,500.00 |
| | | | Ráth Caola | €4,500.00 |
| | | | Trá Mhic Fhlanncha | €4,000.00 |
| | | | Bóthar an Mhachaire Tesco | €4,000.00 |
| | | | An Ghallmhóin | €4,000.00 |
| | | | Portach Ghuaig | €4,000.00 |
| | | | Cromadh Bánóg | €3,500.00 |
| | | | Eidhean Maigh Rua | €3,500.00 |
| | | | An Cheapach Mhór | €3,000.00 |
| | | | Clós Eatharlaí | €3,000.00 |
| | | | Cill Mocheallóg Díbeart | €500.00 |
| | | | | |
| RD | Tiobraid Árann | 7 | Laethanta Dramhaíola Guaisí Tí | €20,000.00 |
| | | | Maithiúnas Tochta Chomhairle Contae Thiobraid Árann 2023 | €20,000.00 |
| | | | Láithreán Dumpála Neamhdhleathaí Charraigín, Cluain Meala | €10,000.00 |
| | | | Láithreán dumpála stairiúil, Coimíní Naomh Pádraig | €5,000.00 |
| | | | Céide Dhoire na bhFlann, an Baile Beag | €2,000.00 |

## Miondealú tionscadail de réir Réigiúin agus Údaráis Áitiúil
## 3.3 Réigiún an Deiscirt (RD)

| Réigiún | Údarás Áitiúil | Líon tionscadal | Teideal an Tionscadail | Maoiniú |
|---|---|---|---|---|
| | | | Siúlóid Lúibe an Chnocáin Rua | €3,000.00 |
| | | | Tionscadal glantacháin dumpála neamhdhleathaí cois bóthair | €30,000.00 |
| | | | | |
| RD | Port Láirge | 11 | Geataí Fáil Choill na Cúlach Finne | €12,000.00 |
| | | | Baint bruscair ar bhóithre tuaithe | €19,500.00 |
| | | | Glantacháin cósta agus talún bog | €5,000.00 |
| | | | Glantacháin Pobail i gCathair agus Contae Phort Láirge | €10,000.00 |
| | | | Lá Maithiúnais Ceimiceán | €12,000.00 |
| | | | Céimeanna Rochtana le haghaidh Glantachán | €14,000.00 |
| | | | Glantachán Abhainn Choilleagáin, Dún Garbháin | €4,000.00 |
| | | | Fálú Dhrom Eanaigh chun Dumpáil a Stopadh | €2,000.00 |
| | | | Comharthaíocht Frithdhumpála do fheithiclí CCCPL | €2,000.00 |
| | | | Baint dramhaíola C agus D i mBaile na Sagart. | €5,000.00 |
| | | | Pobal Bhaile an Rodaigh | €4,500.00 |
| | | | | |
| RD | Loch Garman | 9 | CCLG agus Rotary Loch Garman – Rothair don Afraic | €12,750.00 |
| | | | Maithiúnas Tochta/Toilg Chomhairle Contae Loch Garman | €20,000.00 |
| | | | Maithiúnas Péinte Neamhúsáidte | €6,410.00 |
| | | | Glantachán agus Fálú Carraig Bhán/na Coillte | €11,000.00 |
| | | | Glantachán agus Fálú ag Scairbh Bhailis, Fearna | €6,000.00 |
| | | | Glantachán agus Fálú ag Arda Rós Mhuire, Fearna | €10,000.00 |
| | | | Glantachán agus cothromú agus féarshíolú láithreáin ag Droim Guail, Inis Córthaidh | €4,000.00 |
| | | | Glantachán Láithreáin agus Fálú ag Radharc an Phaidhc, Baile an Bharúnaigh | €10,000.00 |
| | | | Gléasanna Rabhaidh Fuaime agus comharthaí teachtaireachtaí athraitheacha | €9,840.00 |

## Príomhstaitisticí

| Réigiún | Tochtanna | Toilg | Boinn leapa | Cathaoir uilleach | Rothair / Rothair don Afraic | Boinn |
|---|---|---|---|---|---|---|
| RCU | 3591 | 430 | 310 | 810 | 45 | 700 |
| ROLT | 6580 | 2135 | N/B | N/B | 400 | 34 |
| RD | 1699 | N/B | N/B | N/B | 78 | N/B |
| | 11870 | 2565 | 310 | 810 | 523 | 734 |

# 4 CÁS-STAIDÉIR RÉIGIÚNACHA



# Comhairle Contae Cheatharlach – Tionscadal “Rochtain do Chách i mBaile Mhic Thiarnáin”



## Riosca agus Tionchar

Rochtain shábháilte a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, atá aoisbháúil agus oiriúnach do leanaí, chun athchúrsáil a dhéanamh

Saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta.

- Dumpáil dramhaíola
- Iompar frithshóisialta

## Costas Foriomlán:

€16,714.59 agus CBL san áireamh

## Achoimre:

Oibriú leis an bpobal chun rochtain a chinntiú do chách ar shaoráidí athchúrsála toisc go bhfuil na bainc buidéal reatha ró-ard lena rochtain ag aon duine i gcathaoir rothaí agus ag leanaí freisin, agus go mbeidh siad aoisbháúil freisin.

## Sonraí Foriomlána:

- Athphéinteáil Marcanna Bóthair atá ann cheana féin agus marcanna breise chun aird a tharraingt ar chóras aontreo agus ar limistéir thuirlingthe
- Soláthar Bosca Salainn agus leatóir salainn nua
- Lipéid greamán x 14
- Scairdniteoireacht an laithreáin iomláin
- Oifig a phéinteáil

## Sonraí Foriomlána (ar lean):

- 17 mullard suiteáilte
- Soláthar 8 ngabhdán dhá phort
- Athshuíomh na mbanc buidéal chun a chinntiú go mbeidh na roghanna scaipthe go cothrom.

## Torthaí:

Rochtain Athchúrsála curtha ar fáil trí 8 mbanc buidéal réamhdhéanta dhá phort déanta as plaisteach athchúrsáilte a sholáthar le haghaidh buidéal agus cannaí do dhaoine faoi mhíchumas, d’úsáideoirí cathaoireacha rothaí, atá aoisbháúil agus oiriúnach do leanaí. Rinneadh seanbhainc buidéal a scairdní agus cuireadh greamáin aitheantais nua isteach nuair a bhí gá leo. Leasaíodh leagan amach na mbanc freisin chun a chinntiú go mbeadh roghanna athchúrsála leordhóthanacha ann.

Suiteáladh córas marcála bóthair aontreo a sholáthraíonn limistéir shábháilte le haghaidh díluchtaithe agus tuirlingthe do ghluaisteáin agus siúláin sábháilte do choisithe chuig na saoráidí athchúrsála éagsúla freisin.

Suiteáladh mullaird ghlasa nua chun a chinntiú go leanfar córas aontreo. Rinneadh glantachán ar an láithreán ar fad le scairdniteoir, athphéinteáladh oifig an láithreáin. Cuireadh bosca salainn agus leatóir salainn nua ar fáil chun a chinntiú go bhfuil sláinte agus sábháilteacht chun tosaigh i dtréimhsí seaca agus oighir.

Bhí baint ag an tionscadal seo leis an Acht um Míchumas, 2005, leis an mBille um Gheilleagar Ciorclach agus leis an bPlean Réigiúnach um Bainistiú Dramhaíola.




UNLOADING AREA
STOP


UNLOADING AREA
STOP

CARLOW
COUNTY COUNCIL







# Comhairle Contae an Chabháin –

## Tionscadal Uimh.3 – Bearta Laghdaithe ag Muileann Iarainn agus Corlach




### Tionchar

- Baint dumpála stairiúla, rud a laghdaíonn díghrádú talún agus bagairt chomhshaoil ó thruailliú screamhuisce agus ithreach.
- Éifeachtaí ar an éiceachóras áitiúil agus comhdhéanamh speiceas a aisiompú agus bagairt speiceas ionrach a laghdú.

### Costas Foriomlán:

€8,768.44

### Achoimre:

Is fadhb thromchúiseach go náisiúnta í dumpáil neamhdhleathach fós. Tá Comhairle Contae an Chabháin tiomanta do chásanna den sórt sin a bhrath agus a dhíspreagadh trí phatróil rialta bruscair a dhéanann Maoir Phobail, agus oibríonn sí le grúpaí pobail agus leis an bpobal trínár gcóras bainistíochta taifead gearáin dramhaíola. Tá formhór na suíomhanna i gceantair thuaithe chiúine agus bíonn líon íseal custaiméirí iontu agus is minic nach mbraitear gníomhaíocht neamhdhleathach ar feadh tréimhsí fada. D'aithin ár Maoir Phobail dhá láithreán atá suite in Iarthar an Chabháin ag Muileann Iarainn agus Corlach.

### Sonraí Foriomlána:

Tá na limistéir a sainaithníodh suite i suíomhanna tuaithe a bhfuil uiscebhealaí, portaigh agus plandálacha foraoiseachta thart orthu agus ar imeall limistéar a bhfuil cónaí ann ar a bhfuil rochtain trí mhionbhóithre poiblí agus lánaí tuaithe. Baineadh carnadh dramhaíola as limistéir fhoraoiseacha, feadh díoga draenála agus páirceanna oscailte a bhí le feiceáil ó bhóithre poiblí. Dramhaíl bhardais a bhí sa chuid is mó den dramhaíl a bhfacthas, lena n-áirítear tochtanna agus teicstílí eile, earraí tí, ábhair phlaisteacha, gloine, dramhaíl bia, etc., a raibh drochthionchar aige ar an timpeallacht áitiúil, lena n-áirítear fiadhúlra.

### Torthaí:

- Glanadh na limistéir i gceist go hiomlán agus bhain bailitheoir dramhaíola údaraithe an dramhaíl.
- Athchóiríodh na láithreáin ina riocht roimhe seo. Baineadh na méideanna dramhaíola seo a leanas de gach láithreán:
  - Baineadh 8.98 tona dramhaíola den láithreán ag Muileann Iarainn.
  - Baineadh 8.16 tona dramhaíola den láithreán ag Corlach.
- Cheadaigh an Chomhairle laghdú praghais 50% ar gach earra dramhaíola téagartha a bhailítear ar fud ár líonra d'Ionaid Conláiste Cathartha le linn na chéad trí seachtaine de mhí Iúil. San iomlán, bailíodh 82.98 tona dramhaíola agus 1,045 tocht sna trí shuíomh.

### Grianghraif de Mhuileann Iarainn Roimh:





### Grianghraif de Mhuileann Iarainn Tar Éis:





## Grianghraif de Chorlach Roimh:



## Grianghraif de Chorlach Tar Éis:



# Comhairle Contae an Chláir –
## Tionscnamh Tralaithe Siopadóireachta na Sionainne



### Riosca agus Tionchar

Truailliú comhshaoil de bharr tralaithe a baineadh d’ollmhargaí ag an tSionainn, Co. an Chláir

### Costas Foriomlán:

Málaí: 2,159.98
Lipéid: 3,229.24
-------------
€5,389.22

### Achoimre:

Tá stair gearán ann maidir le tralaithe siopadóireachta a bhaint d’ollmhargaí sa tSionainn. Léirigh taighde nach mbíonn go leor cónaitheoirí ag tiomáint. Baineadh tralaithe siopadóireachta d’ollmhargaí chun siopadóireacht a iompar abhaile. Úsáideann leanaí na tralaithe sin chun súgradh etc. ansin.
Chomh maith le bheith ina núis, is foinse fhéideartha truaillithe iad.

### Sonraí Foriomlána:

Tá stair gearán ann maidir le tralaithe siopadóireachta a bhaint d’ollmhargaí i gceantar na Sionainne. Is ceantar cónaithe é ina bhfuil dlús mór daonra. San am atá thart:

### Sonraí Foriomlána (ar lean):

- chuaigh ár maoir i gcomhairle leis na hollmhargaí chun foireann a sholáthar chun bailiúcháin sheachtainiúla a dhéanamh.
- eisíodh fíneálacha.
- chuir ollmhargadh amháin meicníocht glasála uathoibríche isteach, trínar glasáladh na rothaí nuair a d’fhág an tralaí teorainn láithreáin an ollmhargaidh.

Chuireamar tionscadal píolótach ar bun chun nascadh le Bailte Slachtmhara na Sionainne, Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir na Sionainne agus comhairleoirí áitiúla, inar ceannaíodh 36 mála siopadóireachta rothaí, ar chostas **€2,159.98**, agus priontáladh lógó Greener Clare orthu, ar chostas **€3,229.24**, agus bronnadh na málaí sin ar chónaitheoirí scothaosta. Is cur chuige il-eagraíochta é seo a bhfuil sé d’aidhm aige fadhb na dtralaithe siopadóireachta a bhíonn ina gcúis le núis, bruscar agus truailliú a mhaolú.

### Torthaí:

A. Tonnáiste dramhaíola a baineadh – N/B, is beart coisctheach amháin é seo. Coinneofar taifead ar an líon gearán a bhaineann le tralaithe a fuarthas roimh an tionscnamh agus ina dhiaidh, thar thréimhse socraithe ama.

B. Soláthair faisnéis faoi chostas bainte in aghaidh an tona: N/B



**Fíor 1: Mála siopadóireachta rothaí**



**Fíor 2: Sampla de thralaí cois bóthair**



**Fíor 3:**
**Tralaithe a baineadh de spásanna poiblí sa tSionainn, agus atá á stóráil go sealadach ag iosta Chomhairle Contae an Chláir.**

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

# Comhairle Contae Chorcaí –
## Grá Do Do Cheantar Corcaigh 2023



**Sa Ghrianghraf: Málaí dramhaíola a bailíodh le linn glantachán pioctha bruscair i gceantar Bhóthar Ghleann Maghair Íochtarach le linn Grá Do Do Cheantar Corcaigh 2023**

### Riosca agus Tionchar

Soláthar pacaí pioctha bruscair do Choistí na mBailte Slachtmhara, do Chumainn Cónaitheoirí agus do Ghrúpaí Pobail laistigh de limistéar feidhme Chomhairle Cathrach Chorcaí. Mórtas áite agus gníomhaíocht chomhshaoil a spreagadh trí ghlantachán bruscair.

### Costas Foriomlán:

€9,652.30

### Achoimre:

Ó thús na paindéime, tá méadú suntasach tagtha ar mhéid an bhruscair inár mbailte agus inár gcathracha. Léiríodh le staidéar le déanaí nach meastar ach 50% de bhailte na hÉireann a bheith glan anois. Tacaíonn Comhairle Cathrach Chorcaí le go leor gníomhaíochtaí chun dul i ngleic le caitheamh bruscar, lena n-áirítear glantacháin phobail. Dhírigh an tionscadal seo ar thacaíocht a thabhairt do ghlantacháin bruscair pobail trí threalamh pioctha bruscair a sholáthar do ghrúpaí agus do dhaoine aonair. Mar gheall ar rath thionscadal na bliana seo caite a dhírigh ar Bhailte Faoi Áthrú Baile an Chollaigh, Dúghlas, an Bhlarna, Teamhair agus Gleann Maghair, leathnaíodh tionscadal na bliana seo chun limistéar feidhme Chomhairle Contae Chorcaí ar fad a áireamh

### Sonraí Foriomlána:

Bhain an tionscadal seo le soláthar trealaimh pioctha bruscair agus seirbhísí bailithe dramhaíola do Choistí na mBailte Slachtmhara, do Ghrúpaí Pobail agus d'Eagraíochtaí Pobail rannpháirteacha.

Bhí an méid seo a leanas i ngach paca pioctha bruscair:

- Bainteoir bruscair
- Péirí lámhainní
- Veist sofheicthe
- Málaí bruscair dearga (dramhaíl iarmharach) agus glasa (athchúrsála)

San iomlán, ceannaíodh 400 paca pioctha bruscair agus dáileadh iad ar ghrúpaí agus eagraíochtaí pobail. Cruthaíodh Foirm Chlárúcháin do Ghrúpaí Pobail le clárú do na pacaí agus cuireadh faoi bhráid na Rannóige Forfheidhmithe Dramhaíola í lena hathbhreithniú/ceadú. Cuireadh pacaí ar fáil do ghrúpaí cláraithe agus iarradh orthu tuairisc a thabhairt ar a nglantacháin agus ar a gcuid postálacha ar na meáin shóisialta. Dáileadh aon fhuílleach pacaí ar an Oifig Cheantair ábhartha agus tabharfar amach iad do Ghrúpaí agus d'Eagraíochtaí Pobail de réir mar a bheidh siad ag teastáil uathu/mar a iarrfaidh siad iad.

## Torthaí:

1. Laghdú ar bhruscar laistigh de cheantair ábhartha.

2. Gníomhaíocht dhearfach chomhshaoil (piocadh bruscair) agus meas ar an gcomhshaol a spreagadh.

3. Tá an t-aiseolas ó Ghrúpaí agus Eagraíochtaí Pobail iontach agus tá sé ag spreagadh níos mó agus níos mó daoine agus grúpaí chun páirt a ghlacadh i nglantachán bruscair ina gceantar áitiúil. Mar shampla, tá áthas ar Chumann Athnuachana Cheantar an tSeandúin an trealamh pioctha bruscair saor in aisce a fháil ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh lena nglantacháin rialta ina gceantar áitiúil laistigh de Chathair Chorcaí.





**Sa ghrianghraf thuas: Cumann Athnuachana Cheantar an tSeandúin (S.A.R.A.) ag phiocadh bruscair ina sráideanna áitiúla le linn Grá Do Do Cheantar Corcaigh 2023**

# Comhairle Contae Dhún na nGall –
## Tionscadal Glantacháin an Droma Fhada 2



### Riosca agus Tionchar

Sainaithníodh an tionscadal seo toisc go bhfuil réimse ábhar guaiseach sa láithreán dumpála, lena n-áirítear ceimiceáin, dramhaíl tí, thionsclaíoch agus ghlas, agus smionagar foirgníochta. Féadfaidh na hábhair sin an ithir agus an screamhuisce a éilliú, an t-aer a thruailliú, agus míolra agus lotnaidí eile a mhealladh, ar féidir leo galair a iompar a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do dhaoine agus don fhiadhúlra araon.

### Costas Foriomlán:

€4,767

### Achoimre:

Achoimre: Chuidigh an tionscadal seo le glantachán agus le dramhaíl a bhaint as an gceantar seo sa Droim Fada.

### Sonraí Foriomlána:

Comharthaíocht, oideachas agus múscailt feasachta sa cheantar chun dumpáil a dhíspreagadh. Cíos scipe bruscair agus cíos gléasra chun an ceantar a ghlanadh.

Bhí feachtais oideachais agus feasachta tábhachtach freisin chun cleachtais fhreagracha bainistíochta dramhaíola a chur chun cinn agus dumpáil neamhdhleathach a dhíspreagadh.

Trí oibriú le chéile chun dumpáil neamhdhleathach a chosc, is féidir linn ár bpobail a chosaint.

### Torthaí:

Torthaí: Rinneadh an glantachán sa phobal áitiúil. Ar an iomlán, chun dumpáil neamhdhleathach a chosc, bhí gá le cur chuige a raibh feasacht phoiblí, CCTV, forfheidhmiú, comhoibriú le grúpaí pobail agus comhpháirtíochtaí i gceist leis, rud a thugann ugach chun dramhaíl a dhiúscairt i gceart ag ár n-ionaid conláiste cathartha i nDún na nGall. Baineadh 3 thona dramhaíola.





# Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath –
## Maithiúnas Tochta Soghluaiste Lárlimistéir



### Riosca agus Tionchar:

Baint tochtanna nach dteastaíonn chun an líon tochtanna a dhumpáiltear sa cheantar a laghdú. Chuideodh athchúrsáil na dtochtanna leis an gcomhshaol freisin, go háirithe roimh Oíche Shamhna ós rud é go n-úsáidtear tochtanna go rialta i dtinte cnámh.

### Costas Foriomlán:

€12,282.75

### Achoimre:

Baineadh agus athchúrsáladh 407 tocht san iomlán ón Lárlimistéar idir an 17 Iúil agus an 21 Iúil. Bhí roinnt postálacha ar roinnt ardán meán sóisialta, agus bhí comhairleoirí áitiúla mar aon le Lárchathair Thoir Thuaidh (NEIC) páirteach i bhfógraíocht an imeachta, rud a d'fhág go raibh muid báite le daoine a bhí ag iarraidh clárú. Tá laghdú tagtha ar an líon tochtanna a dhumpáiltear sa cheantar freisin.

### Sonraí Foriomlána:

Tairgeadh scéim bhainte agus athchúrsála tochtanna d'aon duine a bhí ina gcónaí sa Lárlimistéar. Bhailigh an conraitheoir Eco Mattress tochtanna ó lasmuigh d'ionaid réadmhaoine daoine aonair ag am agus dáta ar leith idir an 17 agus an 21 Iúil. Fógraíodh an scéim trí na meáin shóisialta, cuireadh comharthaíocht suas timpeall ar cheantar a bhfuil líon ard custaiméirí ann, cuireadh Comhairleoirí áitiúla ar an eolas agus tugadh fógra thart ar 8 seachtaine roimh ré don phobal faoin scéim.
Baineadh 407 tocht, 148 níos mó ná tionscnamh na bliana seo caite. Mar thoradh air sin, tá níos lú tochtanna dumpáilte sa cheantar.

# Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath –
## Maithiúnas Tochta Soghluaiste Lárlimistéir




### Torthaí:

A. Bhí an-rath ar an tionscnamh athchúrsála agus bainte tochtanna agus baineadh 408 tocht as an gceantar i rith seachtaine (17-21 Iúil).

| | |
|---|---|
| Costas na Comharthaíochta (30 Comhartha A3) | (CBL san áireamh) €750.00 |
| Costas na Comharthaíochta a Shuí | (CBL san áireamh) €908.00 |

# Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath






# Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin
## Rothair don Afraic




### Riosca agus Tionchar

### Riosca:
Rothair á ndumpáil nó á bhfágáil ag racaí rothair ar fud an Chontae.

### Tionchar:
Soláthar rothair athchóirithe do shochaí atá i ngátar agus cur chun cinn geilleagair chiorclaigh

### Costas Foriomlán:
€ 16,156.15

### Achoimre:
Is féidir leis an bpobal rothair a fhágáil ag Conláiste Cathartha Bhaile Uí Ógáin agus na rothair a chur i gcoimeádán brandáilte ar leith. Bailítear na rothair ansin, athchóirítear iad agus seoltar chuig an Afraic iad.

### Sonraí Foriomlána:
Tá Tionscnamh Rothair Scoile don Afraic ar siúl i DLRD ó 2021, faoi stiúir Rotary Éireann agus le comhoibriú agus cúnamh ó CCDLRD, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC), Óglaigh na hÉireann agus an tSeirbhís Phríosúin. Faoin scéim seo, bailítear, deisítear agus seoltar rothair nach dteastaíonn chuig an nGaimbia, áit a n-úsáideann daltaí scoile na rothair chun go mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar oideachas. Is minic a thaistealaíonn siad achair níos mó ná 10 gciliméadar chun dul ar scoil. Bailítear rothair nach dteastaíonn atá bronnta ag an bpobal ag Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin, atá oscailte 360 lá sa bhliain, agus seachadtar rothair oiriúnacha chuig príosún oscailte Theach na gCanónach i gContae Chill Mhantáin, áit a ndéanann na príosúnaigh iad a dheisiú agus a athchóiriú agus nuair atá siad críochnaithe, seoltar chuig an Afraic iad ansin.

Tá an tionscnamh seo fógartha ar ár suíomh gréasáin féin agus ar shuíomh gréasáin Rotary Éireann araon.

### Torthaí:

**A. Torthaí**

Go dtí seo, in 2023, sheolamar 398 rothar chuig Teach na gCanónach lena n-athchóiriú agus lena seoladh chuig an Afraic.

**B. Tonnáistí**

Seoladh 5.92 tona in 2023.

Comhairle Contae County Council

# Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin







# Comhairle Contae Fhine Gall –

## Tionscadal maidir le Fodhlíthe um Chur i Láthair Dramhaíola – Céim I Glanadh Sonraí agus Éirchóid a chur le Seoltaí




### Riosca agus Tionchar

Sholáthair bailitheoirí dramhaíola 88,810 seoladh a raibh cuntais ghníomhacha boscaí bruscair acu, ach ní raibh aon Éirchód ag 75% díobh. Gan Éirchóid, ní féidir clár droim ar ais a tháirgeadh chun teaghlaigh nach bhfuil seirbhís bailithe dramhaíola i bhfeidhm acu faoi láthair a shainaithint trí úsáid a bhaint as mháistirliosta Éirchóid do Fhine Gall. Bhí cruinneas ríthábhachtach chun a chinntiú gur cuireadh na hÉirchóid chearta i bhfeidhm.

### Costas Foriomlán:

€24,229.45

### Achoimre:

Tionscadal glanta sonraí agus Éirchóid a chur le seoltaí chun clár a bhunú i gcomhréir le hAlt 34 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996. Tá sé de dhualgas ar Chomhairle Contae Fhine Gall clár a choinneáil de gach duine a ghlacann páirt i seirbhís bailithe dramhaíola. Rinne Dataconversion Direct Ltd anailís agus glanadh ar an bhfaisnéis sin, nach mór do bhailitheoirí dramhaíola a oibríonn i bhFine Gall a sholáthar dhá uair sa bhliain, chun go bhféadfaí Éirchóid a chur le gach seoladh. Nuair a bheidh sé críochnaithe, úsáidfear an clár leis na hÉirchóid ceangailte chun clár droim ar ais a fhorbairt lena sainaithneofar teaghlaigh nach bhfuil seirbhís bailithe dramhaíola i bhfeidhm acu faoi láthair trí úsáid a bhaint as mhaistireolaire Éirchóid le haghaidh imscrúduithe leantacha.

### Sonraí Foriomlána:

Thug Comhairle Contae Fhine Gall Fodhlíthe um Dhramhaíl (Scaradh, Stóráil agus Cur i Láthair Dramhaíola Tí agus Tráchtála) isteach i mí Eanáir 2020. Is iad príomhchuspóirí na bhFodhlíthe um Dhramhaíl ná:

- Teaghlaigh agus gnólachtaí a spreagadh chun a ndramhaíl a bhainistiú ar bhealach atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de.
- Scaradh níos fearr a chur chun cinn idir dramhaíl tí agus dramhaíl tráchtála.
- A chinntiú nach n-úsáidtear ach bailitheoirí dramhaíola údaraithe chun dramhaíl a dhiúscairt.
- Dumpáil neamhdhleathach agus dó dramhaíola sa chúlchlós a laghdú

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag cur tús le tionscadal anois chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhFodhlíthe um Dhramhaíl. Is éard atá i gCéim 1 ná clár a bhunú de theaghlaigh a bhfuil seirbhís bailithe dramhaíola i bhfeidhm acu faoi láthair chun clár droim ar ais a fhorbairt lena n-aithneofar teaghlaigh nach bhfuil seirbhís bailithe bruscair i bhfeidhm acu trí úsáid a bhaint as Éirchóid.

# Comhairle Contae Fhine Gall



## Sonraí Foriomlána (ar lean):

Iarradh faisnéis ar gach ceann de na 8 mbailitheoir dramhaíola a oibríonn i bhFine Gall chun an clár a bhunú i gcomhréir le hAlt 34 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996. Is éard a bhí san fhaisnéis a lorgaíodh sonraí custaiméirí amhail faisnéis faoi sheoltaí, na boscaí bruscair a cuireadh ar fáil agus an dáta bailiúcháin deireanach do gach cineál bosca bruscair. Fuarthas faisnéis i ndáil le 88,810 custaiméir mar fhreagairt ar na fógraí faoi Alt 18 a eisíodh.

Fostaíodh Dataconversion Direct Ltd trí chreat-chomhaontú atá ann cheana féin chun an fhaisnéis faoi sheoltaí a ghlanadh chun go bhféadfaí Éirchóid a chur leo. Baineadh úsáid as roinnt teicnící éagsúla chun an ráta ratha is airde agus ab fhéidir a bhaint amach, amhail ionchódú baisce uathoibrithe ardchaighdeáin chun an tacar sonraí sonrach (seoltaí) a anailísiú agus a chlaochlú chun rialacha meaitseála a chruthú bunaithe ar airíonna uathúla seoltaí. I gcás sonraí neamh-mheaitseáilte, tar éis teicnící uathoibrithe a chríochnú, tionscnaíodh roinnt straitéisí láimhe chun an ráta meaitseála a mhéadú/Éirchóid a chur le seoltaí.

## Torthaí:

Baineadh amach ráta meaitseála Seoladh:Éirchód de 98% i ndiaidh teicnící ionchódaithe baisce uathoibrithe agus teicnící meaitseála Éirchóid láimhe araon. Níorbh fhéidir 1,770 seoladh san iomlán as 88,810 a mheaitseáil. Mar sin féin, iarradh tuilleadh faisnéise ó na bailitheoirí dramhaíola i gcás na seoltaí sin, lena n-áirítear comhordanáidí X:Y. Leis an bhfaisnéis bhreise sin, a luaithe a gheofar í, éascófar tuilleadh meaitseálacha trí mheascán de theicnící uathoibrithe agus láimhe agus eolas áitiúil. Nuair a bheidh an clár críochnaithe, forbrófar clár droim ar ais chun teaghlaigh nach bhfuil seirbhís bailithe dramhaíola i bhfeidhm acu faoi láthair a shainaithint. Cuirfear tús le Céim 2 den tionscadal in 2024 agus iarrfar faisnéis ó shealbhóirí tí atá liostaithe ar an gclár droim ar ais chun a dheimhniú conas atá siad ag bainistiú a ndramhaíola de réir Fhodhlí Uimh. 2: Oibleagáid páirt a ghlacadh i seirbhís bailithe dramhaíola. I gcás nach nglacann sealbhóirí tí páirt sa phróiseas, eiseoidh Comhairle Contae Fhine Gall treoracha agus fógraí íocaíochta seasta chun sealbhóirí tí a spreagadh chun na Fodhlíthe um Dhramhaíl a chomhlíonadh agus chun cabhrú le rátaí scartha agus athchúrsála dramhaíola a fheabhsú, lena n-áirítear bainistiú dramhaíola bia.

# Comhairle Contae na Gaillimhe –
## Tionscadal 3 Cláir Fógraí




### Riosca agus Tionchar

Tá an locht ar bhailitheoirí dramhaíola neamhúdaraithe as cuid mhór den dumpáil neamhdhleathach i gContae na Gaillimhe

### Costas Foriomlán:

€2,964.30

### Achoimre:

Cláir fógraí ar a bhfuil teachtaireacht frithdhumpála a fháil ar cíos ag roinnt suíomhanna sa chontae inar cheap an Chomhairle go raibh bailitheoirí neamhúdaraithe ag oibriú.

### Sonraí Foriomlána:

Reáchtáladh an tionscadal seo i dteannta sraith gníomhartha forfheidhmithe eile, lena n-áirítear seicphointí ilghníomhaireachta dírithe a reáchtáladh i gcomhar leis na Gardaí agus oifig CU WERLA. Rinneamar cigireachtaí fodhlíthe um chur i láthair dramhaíola sna ceantair sin freisin.

### Costas Foriomlán:

Feasacht mhéadaithe i measc an phobail faoi na contúirtí a bhaineann le bailitheoirí neamhúdaraithe a fhostú agus daoine a spreagadh chun bailitheoirí dramhaíola údaraithe amháin a fhostú agus iad ag fáil réidh lena ndramhaíl, go háirithe earraí téagartha.

# Comhairle Cathrach na Gaillimhe -
## Lánaí a Ghlasú 2023



### Riosca agus Tionchar

Is minic a bhíonn caolsráideanna agus lánaí ina láithreáin le haghaidh dumpála neamhdhleathaí. Trí rannpháirtíocht phobail, bhí sé mar aidhm ag an tionscadal sin mothú úinéireachta a chothú i measc cónaitheoirí a bhí ina gcónaí gar do na caolsráideanna. Trí lána a chlaochlú, i gcomhpháirtíocht le cónaitheoirí áitiúla, ina spásanna bríomhara don phobal taitneamh a bhaint astu, laghdaítear an dóchúlacht go ndéanfar dumpáil neamhdhleathach sa lána.

### Costas Foriomlán:

€6,733.80

### Achoimre:

Chomhcheangail an tionscadal sin glantacháin caolsráideanna i gCathair na Gaillimhe le hoibreacha feabhsúcháin agus imeachtaí pobail. D'oibrigh an Chomhairle le cónaitheoirí a bhí ina gcónaí in aice le dhá lána i lár na cathrach, ag Bóthar Shandair agus ag Plás Naomh Bríd.

### Torthaí:

- Laghdú ar dhumpáil neamhdhleathach i lánaí i gCathair na Gaillimhe.
- Laghdú ar ghraifítí i lánaí i gCathair na Gaillimhe.
- Méadú ar mhothú úinéireachta agus ar bhród pobail i measc cónaitheoirí atá ina gcónaí gar do na lánaí.
- Feasacht mhéadaithe ag an bpobal, trí rannpháirtíocht an phobail agus clúdach na meán.

### Sonraí Foriomlána:

Shainaithin Comhairle Cathrach na Gaillimhe caolsráideanna agus lánaí mar cheantar ina bhfuil fadhb le dumpáil neamhdhleathach. I mblianta roimhe seo, i dtionscadail a maoiníodh tríd an Tionscnamh Frithdhumpála (TFD), rinne an Chomhairle glantacháin ar lánaí ar fud na cathrach agus bhunaigh sí clár lánaí chun monatóireacht agus bainistíocht leanúnach na suíomhanna ag na maoir phobail a éascú. In 2021 agus in 2022, chríochnaigh an Chomhairle tionscadail an-rathúla maidir leis na Lánaí a Ghlasú, a chuir glantacháin le chéile le hoibreacha feabhsúcháin agus imeachtaí pobail.

I gcás 2023, thug an Chomhairle faoi thionscadal Lánaí a Ghlasú arís, an uair sin le 2 lána i lár na cathrach – Bóthar Shandair agus Plás Naomh Bríd. Is láithreáin dumpála neamhdhleathaí rialta iad an dá shuíomh, agus déantar málaí dubha dramhaíola tí a dhumpáil go rialta sna suíomhanna sin.

Ba chuid dhílis den tionscadal sin rannpháirtíocht an phobail agus na bpáirtithe leasmhara. Nuair a sainaithníodh na lánaí, chuaigh an tOifigeach Feasachta Comhshaoil i dteagmháil le cónaitheoirí áitiúla trí chruinnithe agus trí chumarsáid scríofa agus ó bhéal. Glanadh agus níodh na lánaí, trí acmhainní glantacháin sráideanna na Comhairle féin. Péinteáladh múrphictiúir ar na ballaí ansin, agus sa dá chás bhí íomhá ábhartha maidir le hoidhreacht an lána féin.

# Comhairle Cathrach na Gaillimhe





Galway City Council
1d ·

Galway City Council in partnership with the residents of Bowling Green have recently completed a Greening the Laneways project. Graffiti was removed from the GCC Building and artist Sufek West Murals Ireland created this wonderful mural, illustrating the heritage connection between Bowling Green and the the Corrib river. Funding was from the Anti-Dumping Initiative.

For more on greening the laneways visit: www.galwaycity.ie/greening-the-laneways

# Comhairle Contae Chill Dara
## Tionscadal Leabhráin "Waste Matters"




### Riosca agus Tionchar

Is tionchar dearfach é – acmhainn chuimsitheach do 77,000 teaghlach, gnólacht agus grúpa pobail chun tuiscint a fháil ar riachtanais agus tionscnaimh reatha agus atá le teacht maidir le bainistíocht dramhaíola

### Costas Foriomlán:
€32,678.87

### Éilithe:
€30,316.04

### Achoimre:

Leabhrán a tháirgeadh ina gclúdaítear gach saincheist chomhlíonta dramhaíola do theaghlaigh agus do ghnólachtaí, ina gclúdaítear íoslaghdú, diúscairt cheart mar aon le béim a leagan ar úsáid conraitheoirí dramhaíola neamhdhleathacha agus diúscairt trí dhó i gcúlchlós.

### Sonraí Foriomlána:

Leabhrán a dearadh chun go mbeidh sé éasca dul i ngleic le saincheisteanna dramhaíola. Tá sé bunaithe go páirteach ar mhinicíocht na gceisteanna a ardaítear leis an rannóg chomhshaoil den Údarás Áitiúil. Le déanaí, áiríodh leis sin cónaitheoirí aonad iláitíochta (AIÁnna) ar mian leo ceanglais maidir le scaradh dramhaíola a chomhlíonadh ach nach bhfuil cinnte conas é sin a bhaint amach le háiseanna comhroinnte boscaí bruscair.

### Torthaí

A. Leabhrán deartha, priontáilte agus dáilte chuig breis is 77,000 seoladh i gCill Dara.

B. Soláthair faisnéis faoin Tonnáiste a baineadh agus costas na bainte in aghaidh an tona/tochta/earra théagartha:

Ní féidir miondealú a thabhairt go díreach – is é príomhchuspóir an leabhráin ná ligean do dhaoine faisnéis faoi dhramhaíl a fháil agus saoráidí a aimsiú chun dramhaíl a dhiúscairt, ach freisin daoine a chur ar an eolas má fheiceann siad cleachtais neamhdhleathacha dramhaíola amhail dó i gcúlchlós agus bailitheoirí dramhaíola a úsáid nach bhfuil ceadúnas bailí bailithe dramhaíola ina seilbh acu.

# Comhairle Contae Chill Dara






# Comhairle Contae Chiarraí –
## Tionscadal 3 Maithiúnas Tochta



### Riosca agus Tionchar

Féadfaidh sé a bheith deacair do shealbhóirí tí dramhaíl théagartha amhail tochtanna a dhiúscairt go héasca agus go cuí. Tá riosca ag baint leis sin go dtarlóidh bailiú dramhaíola neamhúdaraithe agus dumpáil neamhdhleathach, mar aon leis na tionchair chomhshaoil ghaolmhara.

### Costas Foriomlán:

€21,646.72

### Achoimre:

Tionóladh maithiúnas tochta ar an 6 agus an 7 Meán Fómhair 2023 ag Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh, Moing na Meannán, Trá Lí, Co. Chiarraí. Bailíodh 454 tocht san iomlán thar an dá lá.

### Sonraí Foriomlána:

Tionóladh maithiúnas tochta ag Láithreán Líonta Talún Chiarraí Thuaidh, Moing na Meannán, Trá Lí, Co. Chiarraí ar an 6 agus 7 Meán Fómhair 2023 ó 10 a.m. go 4 p.m. gach lá. Reáchtáil Higgins Waste and Recycling Services Ltd an t-imeacht thar ceann Chomhairle Contae Chiarraí. Rinneadh poiblíocht faoin imeacht ar na meáin shóisialta, sna meáin áitiúla, agus ar Raidió Chiarraí. Bhí an t-imeacht teoranta do shealbhóirí tí, agus cuireadh teorainn dhá thocht ghlana thirime in aghaidh gach feithicle i bhfeidhm. Bailíodh 454 tocht san iomlán thar an dá lá.

### Torthaí:

A. Torthaí:

- Bailíodh 454 tocht san iomlán le haghaidh athchúrsála.
- Bhí feasacht phoiblí mhéadaithe faoi bhainistíocht fhreagrach dramhaíola agus an geilleagar ciorclach. Fuair an t-imeacht cur chun cinn agus tuairisciú maith ar chlár 'Kerry Today' Raidió Chiarraí roimh agus le linn an imeachta. Is éard a bhí i gceist leis sin ná agallaimh ar an láithreán le sealbhóirí tí a bhí ag baint leasa as an maithiúnas, a craoladh ar Raidió Chiarraí mar aon le físeán YouTube gaolmhar (naisc thíos).

B. Soláthair faisnéis faoin Tonnáiste a baineadh agus costas na bainte in aghaidh an tona/tochta/earra théagartha:

- Tonnáiste dramhaíola a baineadh agus costas in aghaidh an tona, más infheidhme – n/b
- Líon na dtochtanna a bailíodh agus costas in aghaidh an tochta, más infheidhme – 454
- Tonnáiste dramhaíola téagartha agus costas in aghaidh gach earra dramhaíola téagartha, más infheidhme – n/b

Cuidíonn sé le grúpaí agus iad i mbun glantachán trí shaoráid a chur ar fáil dóibh chun ábhair agus dramhaíl a bhailítear a stóráil.

# Comhairle Contae Chill Chainnigh –
## Troscán Téagartha



### Riosca agus Tionchar

Costas glantacháin ábhair cois bóthair agus ar chiumhaiseanna bóthair

### Costas Foriomlán:

€43,320.18

### Sonraí Foriomlána:

**Achoimre:** Reáchtáiltear an t-imeacht troscáin théagartha sin thar sheachtain amháin inár saoráidí ag Láithreán Conláiste Cathartha na Greanaí agus an Dúin Mhóir. Tá feachtas meán fada agus tionscnaimh múscailte feasachta ar siúl maidir le cá háit ar féidir le daoine na hearraí sin a thabhairt leo. Tugtar bith-mhiongheartthóir chuig an láithreán chun déileáil le méideanna móra troscáin théagartha a bhailítear don imeacht. Ansin, baintear an t-ábhar atá le próiseáil as an láithreán le roinnt ualach leoraithe altacha.

### Torthaí:

Bailítear breis is 62 tona d'ábhar téagartha ar fud an Chontae le linn an imeachta seo

KILKENNY COUNTY COUNCIL

# Comhairle Contae Chill Chainnigh –
## Troscán Téagartha





# Comhairle Contae Laoise –
## Tionscadal Feachtais Chláir Fógraí




### Riosca agus Tionchar

Tionscadal faisnéiseach agus éifeachtach chun feasacht a mhúscailt maidir le dumpáil neamhdhleathach ar fud an chontae

### Costas Foriomlán:

€4,415.70

### Achoimre:

Feachtas cláir fógraí chun feasacht a mhúscailt faoi dhumpáil neamhdhleathach dramhaíola agus freagracht phobail a spreagadh. Chuir an tionscadal sin an teachtaireacht faoi dhiúscairt dramhaíola neamhdhleathaí in iúl go héifeachtach agus chuir sé coincheap Do Dhramhaíl. Do Chontae. chun cinn.

### Sonraí Foriomlána:

Ba é a bhí i gceist leis an bhfeachtas chláir fógraí ceithre chlár fógraí a cuireadh i suíomhanna straitéiseacha timpeall Phort Laoise. Roghnaíodh na suíomhanna sin bunaithe ar an méid tráchta ar na bealaí sin.

Bhain Comhairle Contae Laoise úsáid as an tairseach ‘mywaste’ agus roghnaigh siad íomhánna a bheadh ábhartha don chontae. Roghnaíodh póstaeir bunaithe ar na sruthanna dramhaíola is minice a dhumpáiltear go neamhdhleathach ar fud an chontae.

Fuair an Rannóg Chomhshaoil aiseolas dearfach ón bpobal faoin tionscadal sin.

### Torthaí:

Chruthaigh sé feasacht faoi dhumpáil neamhdhleathach agus spreag sé daoine chun freagracht a ghlacadh as a gcuid dramhaíola. Chomh maith leis sin, chomhroinn an tionscadal sin an teachtaireacht faoi bhród a bheith agat as do cheantar agus spiorad pobail a fhorbairt chun an contae a choinneáil glan.

# Comhairle Contae Laoise –






# Comhairle Contae Liatroma –
## Dramhaíl Ghuaiseach



### Riosca agus Tionchar

Bailiú dramhaíola guaisí tí

### Costas Foriomlán:

€30,331.91

### Achoimre:

Bailiú Dramhaíola Guaisí Tí le linn mhí Mheán Fómhair 2023, in dhá Ionad Conláiste Cathartha.

### Sonraí Foriomlána:

Bailiú dramhaíola guaisí tí i gCo. Liatroma le linn 2023.

- Láithreán Conláiste Cathartha Mhaothla – 3 seachtaine – 1 go 16 Meán Fómhair
- Baile Hamaltúin – 2 sheachtain – an 22 go dtí an 30 Meán Fómhair

Fógraíodh bailiúcháin ar na meáin shóisialta, ar an raidió, agus i nuachtáin áitiúla.

Glacadh go maith leis na bailiúcháin agus chuir custaiméirí fáilte roimh é a bheith ar fáil ar feadh míosa iomláine.

### Torthaí:

| Lipéid Ró | Cur Síos | Suim an mheáchain |
|---|---|---|
| 08 01 11* | Bailiú bosca bruscair 660 lítear de channaí péinte – DRAMHAÍL, UN1263, PÉINT, 3, II, TC2 (D/E) | 15,354 |
| 08 04 09* | Greamachán agus Séalán Dramhaíola ina bhfuil tuaslagóirí orgánacha nó substaintí contúirteacha eile EWC 08 04 09* Neamhchláraithe le haghaidh iompair | 75 |
| 13 02 08* | Bailiú coimeádán idirmheánach builc d'ola dramhaíola<br>Ola dramhaíola stóráilte i gcoimeádán le haghaidh diúscartha (neamhrialaithe) | 500<br>212 |
| 15 01 10* | Bailiú bosca bruscair 1,000 lítear de choimeádáin ola (léigh an raibh úsáid i láthair) neamhrialaithe Bailiú bosca bruscair rothaí 240 lítear de choimeádán beag ola (neamhchláraithe) | 92<br>408 |
| 16 05 04* | Bailiú, Dramhaíl, UN1950, Aerasóil, Cainníocht Teoranta, Druma 120 Lítear | 216 |
| 16 05 06* | | 101<br>83 |
| 20 01 32 | | 120 |
| | **Foriomlán** | **17,161** |

# Comhairle Contae Liatroma


















# Comhairle Contae Luimnigh –
## Tionscadal Uimh. 2 Ascaill Uí Loingeacháin





### Riosca agus Tionchar

Cosc agus laghdú
Méid mór dramhaíola tí dumpáilte ar chúl réadmhaoine ag Ascaill Uí Loingeacháin. Fadhb fhéideartha le foirgeacht don réadmhaoin agus do réadmhaoin in aice láimhe.

### Costas Foriomlán:

€24,402.50

### Achoimre:

Tionscadal Uimh.1 Ascaill Uí Loingeacháin – Glantachán ar chúl na réadmhaoine, deisiúcháin agus glantachán déanta air.

### Sonraí Foriomlána:

Glantachán ag an Údarás Áitiúil, laghdú ar láithreán a raibh bruscair caite ann. Tugadh rochtain don fhoireann Dramhaíola Tí agus Bruscair ar an réadmhaoin.
Fuair an t-úinéir tí Fógraí roimhe seo faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola agus níor comhlíonadh iad. Thóg craein an tochaltóir thar an mballa cúil agus scipeanna bruscair freisin. Tógadh an tochaltóir amach arís tar éis don obair a bheith críochnaithe.

### Torthaí:

Glanadh an limistéar – 81 Tona

Maolú – Glanadh an limistéar go leibhéal sásúil

Cosc – Tá ionchúiseamh ar feitheamh i gcoinne an úinéara tí faoi láthair as dramhaíl a choinneáil agus a stóráil, agus tá Fógra seirbheáilte uirthi freisin chun cuntas bruscair a bhunú le bailitheoir ceadaithe.

# Comhairle Contae Luimnigh



# Comhairle Contae Longfoirt –
## Tionscadal Réitigh Dhigiteacha do Dhramhaíl agus Bruscar




## Riosca agus Tionchar

Imscrúduithe gnáthaimh, imscrúduithe neamhghnáthaimh agus imscrúduithe ar ghearán faoi thruailliú a dhéanamh ar páipéar ar bhealach am-íditheach neamhtháirgiúil.

## Costas Foriomlán:

€18,499.20

## Achoimre:

Córas leictreonach inmheánach a fhorbairt d'oifigigh forfheidhmithe agus do mhaoir bhruscair chun tuarascálacha cigireachta a chomhlánú ar an láithreán, rud a chuireann deireadh leis an ngá atá le páipéar, scanadh agus tacaíocht riaracháin agus a mhéadaíonn éifeachtúlacht agus táirgiúlacht dá bharr.

## Sonraí Foriomlána:

Tar éis taighde fairsing agus cruinnithe le hÚdaráis Áitiúla eile maidir le réitigh bogearraí tríú páirtí atá ar fáil i gcomparáid le réitigh inmheánacha, cinneadh gurbh é an réiteach inmheánach an ceann b'oiriúnaí. D'fhorbair an rannóg forfheidhmithe dramhaíola, i gcomhar le roinn TF CCL, an réiteach leictreonach inmheánach le haghaidh cigireachtaí arna ndéanamh ag Oifigigh Forfheidhmithe agus Maoir Bhruscair.

Leis an réiteach sin, is féidir cigireachtaí a thaifeadadh go leictreonach ar an láithreán ag gach suíomh, rud a chuireann deireadh leis an ngá atá le filleadh ar an oifig agus gach cigireacht a scanadh ar leithligh. Éascaíonn an réiteach freisin uaslódáil grianghraf atá ceangailte leis an tuarascáil chigireachta ar an láithreán.

Déantar cigireachtaí agus imscrúduithe a thaifeadadh agus úsáid á baint as na táibléid agus na fóin a ceannaíodh.

Le déanaí, chuir roinn TF CCL córas BCC (Bainistíocht Caidrimh le Custaiméirí) i bhfeidhm chun déileáil le gearáin chomhshaoil, agus forbrófar é a thuilleadh chun go mbeifear in ann na réitigh dhigiteacha a forbraíodh do na cigireachtaí sin a chomhtháthú.

Tar éis athbhreithniú tosaigh ar shochair an digitithe sin, meastar freisin go leanfaidh ranna CCL eile treoir na rannóige forfheidhmithe dramhaíola agus go bhforbróidh siad réitigh chigireachta digitithe comhchosúla, rud a chuirfidh deireadh le húsáid páipéir.

## Torthaí:

- Méadú ar éifeachtúlacht agus cigireachtaí CÍMCC (Critéir Íosta Molta le haghaidh Cigireachtaí Comhshaoil) gnáthaimh agus neamhghnáthaimh á ndéanamh tríd an bpróiseas am-íditheach a uathoibriú maidir le gach taifead cigireachta lámhscríofa a scanadh ina n-aonar.
- Oibriú níos cliste toisc go bhfágann an réiteach inmheánach a cuireadh i bhfeidhm comhtháthú níos fearr le córas BCC inmheánach a forbraíodh le déanaí chun gearáin chomhshaoil a bhainistiú.
- Cúltaca láithreach ó shaineolas TF inmheánach nuair is gá agus más gá.
- Méadaítear cruinneas trí gach cigireacht a gheoshuí.

# Comhairle Contae Longfoirt








# Comhairle Contae Lú –
## Glantacháin Chaolsráid Mhuirtheimhne Mór



### Riosca agus Tionchar

Dumpáil neamhúdaraithe ábhar dramhaíola ag cónaitheoirí áitiúla agus ag daoine óga, rud a fhágann cur isteach diúltach ar an radharc, cailliúint taitneamhachta agus fadhbanna le boladh agus míolra.

### Costas Foriomlán:

€6,242.50

### Achoimre:

Rinneadh glantachán chun méid mór dramhaíola tí a bhaint a bhí bailithe i limistéir oscailte agus i gcúlsráideanna laistigh d'eastát Mhuirtheimhne Mór, Dún Dealgan, Co. Lú. Sainaithníodh na limistéir i gcomhar le Rannóg Tithíochta Chomhairle Contae Lú, a bhfuil aithne orthu mar limistéir fhadhbacha maidir le diúscairt dramhaíola tí ag cónaitheoirí agus daoine óga. Ba é aidhm an tionscadail seo na limistéir dramhaíola a ghlanadh, rud a chuirfeadh áis phoiblí inrochtana ar fáil do chónaitheoirí le húsáid arís agus feabhas a chur ar chuma amhairc an cheantair áitiúil.

### Sonraí Foriomlána:

Roghnaíodh an láithreán sin toisc gur limistéar a bhí ann ina raibh méid substaintiúil dumpála neamhdhleathaí. Ba é a bhí i gceist leis an tionscadal seo dramhaíl tí a diúscraíodh go neamhdhleathach a bhaint as spásanna oscailte agus as caolsráideanna i gceantar Mhuirtheimhne Mór, Dún Dealgan, Co. Lú. Ba é an aidhm ná an dramhaíl a bhaint agus áis phoiblí a chur ar fáil do chónaitheoirí le húsáid arís agus cuma amhairc an cheantair a fheabhsú freisin. Baineadh an dramhaíl go léir trí chuideachta bainte dramhaíola chláraithe de scipe rolladh as.

A. Torthaí
- Feabhsófar seasamh Chontae Lú ar Shraith Frithbhruscair IBAL.
- Cuirfear deireadh le siocracha móra bruscair.
- Feabhsófar cuma amhairc an limistéir.
- Áis phoiblí a chur ar fáil arís.

B. Soláthair faisnéis faoin Tonnáiste a baineadh agus costas na bainte in aghaidh an tona/tochta/earra théagartha:
- Tonnáiste dramhaíola a baineadh agus costas in aghaidh an tona, más infheidhme

# Comhairle Contae Lú –
## Glantacháin Chaolsráid Mhuirtheimhne Mór

### Roimh



### Tar Éis



# Comhairle Contae Mhaigh Eo –

## Tionscadal 1 – Glantachán dramhaíola a dumpáladh go neamhdhleathach ó aillte cois bóthair ar Acaill





### Riosca agus Tionchar

Bíonn drochthionchar ag dramhaíl a dhumpáiltear go neamhdhleathach ar an bhfiadhúlra, cuireann sé tailte agus uisce i mbaol agus bíonn cuma ghránna air. Spreagann an dramhaíl a dhumpáiltear dumpáil neamhdhleathach leanúnach.

### Costas Foriomlán:

€3,342.85

### Achoimre:

Glantachán dramhaíola a dumpáladh go neamhdhleathach ó imeall agus aghaidh aille in aice le Cuan na Coime agus Bóthar an Atlantaigh, Acaill, Contae Mhaigh Eo. Bhain cuideachta rochtana rópa an dramhaíl. Tá na suíomhanna aille suite i gceantair turasóireachta ar Acaill. Tá rannpháirtíocht le sealbhóirí coimíneachta/úinéirí talún agus seiceálacha ar fhodhlíthe um dhramhaíl tí ar siúl go leanúnach.

### Sonraí Foriomlána:

Bhailigh cuideachta rochtana rópa an dramhaíl ó aghaidheanna na n-aillte.

Thóg an glantachán lá amháin, an 27 Meitheamh 2023
San iomlán, bailíodh 4 mhála dramhaíola aon tona amháin ó aghaidheanna na n-aillte, lena n-áirítear málaí beatha ainmhithe ina raibh conablaigh uan dumpáilte, tíleanna, sistéil, dramhaíl pluiméirí, agus troscán. Ba dhramhaíl nua agus stairiúil í.

### Torthaí:

Dumpáladh an dramhaíl thar aillte farraige neamh-inrochtana cois bóthair ag Cuan na Coime agus ar Bóthar an Atlantaigh, suíomhanna cósta íogaire ó thaobh an chomhshaoil de i limistéar ardscéimhe, turasóireachta agus suntasach ó thaobh cultúir de. Bhí dramhaíl tí agus dramhaíl trádála (píopaí, sreangú etc.) san áireamh leis an dramhaíl. Tá suíomh aille Bhá na Coime suite laistigh de LCS Chruacháin/an tShléibhe Mhóir (LCS 001955)/LCS Cheann Acla (LCS 002268). Tá an láithreán sin gar do Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Mhachaire an Chaoil/Aillte an Mhionnáin freisin.

Baineadh an dramhaíl a dumpáladh go neamhdhleathach ón láithreán agus, mar sin, baineadh an riosca don chomhshaol agus maolaíodh an tionchar amhairc díobhálach i gceantar turasóireachta gnóthach ardscéimhe.

Táthar ag súil go spreagfaidh feasacht áitiúil faoin dumpáil monatóireacht áitiúil éighníomhach fheabhsaithe ar an gceantar freisin.

Go dtí seo tá na suíomhanna fós saor ó dhramhaíl. Leanfar de bheith ag déanamh monatóireachta rialta ar na suíomhanna.




Aillte Bhóthar an Atlantaigh Roimh




Glantachán Aillte Bhóthar an Atlantaigh Ar Siúl



Aillte Bhóthar an Atlantaigh Tar Éis

# Comhairle Contae na Mí –
## Bailiú Dramhaíola Téagartha – Ceanannas



### Riosca agus Tionchar

Ardriosca dumpála neamhdhleathaí, go háirithe earraí tí téagartha a mheastar a bheith costasach a dhiúscairt

Laghdaigh an scéim seo an líon tuarascálacha ar dhramhaíl théagartha a dumpáladh go neamhdhleathach

### Costas Foriomlán:

€33,137

### Sonraí Foriomlána:

Rinneadh bailiú dramhaíola téagartha ag Ionad Athchúrsála Cheanannais ó mhí Aibreán go mí Mheán Fómhair, agus chuir sealbhóirí tí sa cheantar méideanna móra dramhaíola téagartha tí i láthair lena haisghabháil, lena hathchúrsáil agus lena diúscairt go sábháilte.

Tugadh cuireadh do bhaill den phobal a gcuid earraí a thabhairt chuig an ionad athchúrsála is gaire dóibh ar dhátaí sonracha áit a nglacfaí leis na hearraí lena ndiúscairt saor in aisce faoi Scéim TFD. Rinneadh na hábhair uile a glacadh a aisghabháil agus a athchúrsáil nuair ab fhéidir, agus rinneadh na hábhair a bhí fágtha a dhiúscairt i saoráid cheadaithe chuí. Bhí an-tóir ar an scéim agus bhí freastal an-mhaith uirthi.

### Torthaí:

Bailíodh méideanna an-ard de dhramhaíl théagartha tí. Bailíodh 362 tocht, mar aon le 69 tona de dhramhaíl théagartha. Meánchostas €300 in aghaidh an tona.
Thug ár maoir phobail faoi deara laghdú ar an líon tuairiscí a fuarthas maidir le hearraí téagartha tí a dumpáladh go neamhdhleathach le linn na tréimhse sin.
Mar aon leis sin, thug an scéim custaiméirí nua isteach chuig saoráidí ionaid athchúrsála agus an raon leathan seirbhísí a chuirtear ar fáil ann amhail DTLL, múiríniú etc.

# Comhairle Contae na Mí








# Contae Mhuineacháin –
## Teicneolaíocht Chliste (Dróin)






### Achoimre:

Bhí tionscadal bailithe earraí téagartha fóirdheonaithe ar siúl ag dhá Ionad Athchúrsála Chomhairle Contae Mhuineacháin ag Coirnéal na nAlbanach agus Carraig Mhachaire Rois ar feadh mhí Lúnasa.

### Costas Foriomlán:

Costas foriomlán an tionscadail €35,075.18. Áiríodh leis sin thart ar €30,000 i gcostais a bhain le bailiúcháin fhóirdheonaithe a reáchtáil go díreach agus thart ar €5,000 breise chun feachtas fógraíochta cuimsitheach a reáchtáil ar an raidió áitiúil, inár nuachtán áitiúil agus trí na meáin shóisialta ar feadh mhí Lúnasa ar fad chun cabhrú le rannpháirtíocht sa tionscadal a uasmhéadú

### Sonraí Foriomlána:

Ina dhiaidh sin, rinne seachtar comhaltaí de na Seirbhísí Comhshaoil oiliúint teoirice ar úsáid dróin. Tá sé beartaithe go gcláróidh Seirbhísí Comhshaoil anois le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann mar oibreoir inniúil an dróin. Déanfaidh an seachtar comhaltaí ar fad a fuair an oiliúint measúnú praiticiúil deiridh in 2021 agus beidh siad ina bpíolótaí cláraithe ar an drón. Nuair a bheidh sé sin críochnaithe, úsáidfidh na Seirbhísí Comhshaoil an drón mar uirlis chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na Reachtaíochta Comhshaoil

### Torthaí:

Rinne McElvaney's Waste and Recycling, a oibríonn an dá ionad athchúrsála i gCoirnéal na nAlbanach, an scéim a oibriú thar ceann Chomhairle Contae Mhuineacháin. Léiríonn taifid maidir leis an líon custaiméirí a sholáthair McElvaney's Waste and Recycling gur bhain 803 ball den phobal leas as an scéim fóirdheonaithe um bhailiú earraí téagartha le linn mhí Lúnasa.

# Comhairle Contae Uíbh Fhailí –
## Boscaí Bruscair Dlúthúcháin Grianchumhachtaithe




### Riosca agus Tionchar

Níl aon riosca ag baint leis an tionscadal seo. Beidh tionchar dearfach ag soláthar an bhonneagair sin ar phobail áitiúla agus ligfidh sé do Chomhairle Contae Uíbh Fhailí seirbhís ghlantacháin sráideanna níos éifeachtaí a sholáthar.

### Costas Foriomlán:

Deontas €31,000 curtha i bhfeidhm
€31,204 costas iarbhír

### Achoimre:

D'iarr Comhairle Contae Uíbh Fhailí maoiniú deontais le haghaidh 5 bhosca bruscair dlúthúcháin grianchumhachtaithe. Ba é aidhm an tionscadail seo bruscar a laghdú i mbailte agus i sráidbhailte in Uíbh Fhailí agus seirbhísiú níos éifeachtaí a chumasú, rud a chuirfeadh le lorg carbóin Chomhairle Contae Uíbh Fhailí a laghdú. Chuirfeadh na boscaí bruscair sin leis na 5 bhosca bruscair grianchumhachtaithe atá i bhfeidhm cheana féin ó Mhaoiniú TFD 2022 agus na 5 bhosca bruscair a faomhadh faoi Chiste Bonneagair Frithbhruscair 2022, a bhí an-rathúil. Tríd is tríd, tá 15 bhosca bruscair dlúthúcháin grianchumhachtaithe ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí anois ar fud an Chontae.

### Sonraí Foriomlána:

Chuathas i gcomhairle leis na hInnealtóirí Ceantair i ngach Ceantar Bardasach de Chomhairle Contae Uíbh Fhailí maidir le suíomhanna na mboscaí bruscair ina gceantair féin. I bhfianaise na taithí ó na suíomhanna bruscair roimhe seo maidir le suíomhanna uirbeacha agus tuaithe agus cé acu ab fhearr a d'oibrigh do na riachtanais ghlantacháin sráideanna, comhaontaíodh na suíomhanna.

Is iad na suíomhanna: Bóthar an Chuain, Beannchar Cearnóg an Mhargaidh, Biorra; Halla Baile Éadan Doire, Sráidbhaile Chluain na nGamhan, Tulach Mhór (Sráid Chiaráin).

Go dtí seo, tá an-rath ar na boscaí bruscair agus tá an t-aiseolas ó na hInnealtóirí Ceantair an-dearfach maidir le cuíchóiriú agus bainistiú a gcuid seirbhísí glantacháin sráideanna.
Chun an úsáid is fearr a bhaint as na boscaí bruscair, dearadh na grafaicí faisnéise ar na boscaí bruscair bunaithe ar cheist an Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus athdhearadh na boscaí bruscair roimhe seo freisin chun feasacht chomhshaoil a chuíchóiriú. Is féidir na painéil sin a athrú ansin chun aon ábhar comhshaoil a léiriú.

### Torthaí:

A. - Laghdú ar sheirbhísiú boscaí bruscair ó fhoireann ghlantacháin sráideanna agus, dá bhrí sin, ath-imscaradh foirne chuig dualgais riachtanacha eile.
- Laghdú ar bhruscar a chaitheamh go treallach.
- Méadú ar fheasacht an phobail toisc go bhfuiltear in ann fógraíocht a chur ar phainéil taobh an bhosca bruscair.
- Rannchuidiú le laghdú ar astaíochtaí carbóin, i gcomhréir le Beartas Gníomhaithe ar son na hAeráide de Chomhairle Contae Uíbh Fhailí, a eascraíonn as feithiclí glantacháin sráideanna toisc nach bhfuil an méid céanna seirbhísithe ag teastáil.

B. Soláthair faisnéis faoin Tonnáiste a baineadh agus costas na bainte in aghaidh an tona/tochta/earra théagartha:

- Tonnáiste dramhaíola a baineadh agus costas in aghaidh an tona, más infheidhme – N/B

- Líon na dtochtanna a bailíodh agus costas in aghaidh an tochta, más infheidhme – N/B

# Comhairle Contae Uíbh Fhailí -

## Boscaí Bruscair Dlúthúcháin Grianchumhachtaithe





Seo thuas sampla íomhá de shuíomhanna i dTulach Mhór (Sráid Chiaráin) agus i Halla Baile Éadan Doire

Seo thíos clúdach na meáin sna Meáin Chlóite agus sna Meáin Shóisialta. Bhí an cló i bpáipéar forlíonta comhshaoil darbh ainm GO GREEN. Déanann Oifigeach Cumarsáide na Comhairle socruithe chun an fhaisnéis a eisiúint do na meáin shóisialta.

### Méadaíonn Comhairle Contae Uíbh Fhailí an líon Boscaí Bruscair Dlúthúcháin Grianchumhachtaithe Nua

Seirbhís riachtanach a sholáthraíonn Comhairle Contae Uíbh Fhailí is ea glantachán sráideanna chun ár gcosáin agus ár sráideanna a choinneáil saor ó bhruscar. Is éard atá i gceist leis sin ná scuabadh de láimh ag an bhfoireann, scuabadh meicniúil agus boscaí bruscair a sholáthar don phobal, ar cuid dhílis é d’ár gcontae a choinneáil glan. Tá breis is 330 bosca bruscair i gContae Uíbh Fhailí i limistéir thuaithe agus uirbeacha; is boscaí iarainn theilgthe cuid acu (amhail an ceann atá i gceangal) agus tá cuid eile acu béaloscailte. Le déanaí, tugadh isteach boscaí bruscair dúbailte i dTulach Mhór le haghaidh bruscair agus athchúrsála chun rogha a thabhairt don phobal athchúrsáil a dhéanamh seachas diúscairt.

Fuair Comhairle Contae Uíbh Fhailí maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide in 2022 chun bonneagar bruscair a fheabhsú laistigh den Chontae agus leis an maoiniú sin, rinne siad tástáil ar chineál nua bosca bruscair – bosca bruscair dlúthúcháin grianchumachtaithe. Agus úsáid á baint as braiteoir, cinneann na boscaí bruscair den scoth sin méid na dramhaíola atá i mbosca agus déanann siad an dramhaíl a dhlúthú, nuair is gá, chun níos mó acmhainne coinneála a sholáthar. Nuair a bhíonn siad réidh le folmhú, seolann siad teachtaireacht leictreonach chuig foireann na comhairle ar a bhfóin. Ciallóidh an teicneolaíocht nua sin níos lú bailiúchán, costais bailithe níos ísle agus níos lú astaíochtaí. Ina theannta sin, ciallaíonn an dearadh lán-iata go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh éan agus míolra, gur féidir iad a oibriú le troitheán agus go soláthraíonn siad sonraí faoi na sráideanna a ghineann an méid is mó bruscair a chaitear sa bhosca bruscair. Féadfaidh na boscaí bruscair suas le 8 n-uaire níos mó dramhaíola a choinneáil ná na gnáthbhoscaí bruscair. Buntáiste breise is ea go gcuireann siad le spriocanna a bhaint amach maidir le gníomhú ar son na haeráide mar atá leagtha amach ag Comhairle Uíbh Fhailí. Féadtar teachtaireachtaí agus téamaí comhshaoil a thaispeáint ar phainéil fógraíochta ar na boscaí bruscair.

Bhí an-rath ar na boscaí bruscair sin agus d’iarr Comhairle Contae Uíbh Fhailí tuilleadh maoinithe faoin Tionscnamh Frithdhumpála in 2022 agus in 2023 agus faomhadh 5 aonad breise dóibh gach bliain. Go dtí seo, shuiteáil Comhairle Contae Uíbh Fhailí 15 bhosca bruscair dlúthúcháin grianchumhachtaithe.

# Comhairle Contae Uíbh Fhailí

### Suíomhanna:

- Ionad Oidhreachta, an Féar Bán agus Cearnóg Emmet, Biorra agus Cearnóg an Mhargaidh, Biorra agus Cearnóg Chlóirthigh
- Tulach Mhór – Plás na Mílaoise agus Sráid Chiaráin agus Cearnóg Uí Chonaire
- Éadan Doire – Sráid JKL agus Halla an Bhaile, Cógaslann agus Príomhshráid
- Páirc Chnocán Bhólais
- Bóthar an Chuain, Beannchar
- Sráidbhaile Chríonchoille agus Sráidbhaile Chluain na nGamhan







# Comhairle Ros Comáin - Tionscadal Bhealach an Doirín



Foireann Chomhairle Contae Ros Comáin ag déanamh Suirbhéanna maidir leis na Fodhlíthe i mBealach an Doirín

## Riosca agus Tionchar

Forbraíodh an tionscadal seo chun feasacht a mhúscailt faoin leibhéal dumpála ar thaobhanna ár mbóithre, cé chomh mímhaiseach is atá sé agus gur féidir leis drochléiriú a chruthú dár gContae, agus cé chomh costasach is atá sé a bhaint.

## Costas Foriomlán:

€8,365.28

## Achoimre:

Ba é aidhm an tionscadail seo dul i mbun oibre le teaghlaigh agus oibreoirí tráchtála chun a chinntiú go gcomhlíontar Fodhlíthe um Chur i Láthair Dramhaíola agus chun an líon teaghlach agus gnólachtaí a bhfuil seirbhís bailithe dramhaíola acu a mhéadú. Mar chuid den tionscadal seo, moladh roinnt glantachán sa bhaile agus timpeall air freisin. Roghnaíodh baile Bhealach an Doirín don tionscadal seo mar thoradh ar dhumpáil mhórscála i bpurláin an bhaile. Deontas faofa €10,000

## Sonraí Foriomlána:

Thug foireann na Rannóige Comhshaoil, lena n-áirítear Oifigigh Forfheidhmithe agus Maoir Bhruscair, cuairt ar gach teach agus gnólacht i mbaile Bhealach an Doirín agus rinne siad Suirbhéanna maidir leis na Fodhlíthe um Chur i Láthair Dramhaíola i rith mhí Iúil agus Lúnasa 2023, agus d'oibrigh siad tráthnónta agus ar an Satharn chun cuairt a thabhairt ar gach teach agus áitreabh tráchtála. Rinneadh 424 suirbhé teaghlaigh agus 75 suirbhé tráchtála san iomlán. Reáchtáladh an feachtas sin i gcomhar le Feachtas Feasachta maidir le Fodhlíthe um Chur i Láthair Dramhaíola, a maoiníodh faoi TFD 2023 freisin. Rinneadh fógraíocht fhorleathan ar an bhfeachtas trí nuachtáin, raidió agus na meáin shóisialta.

Mar chuid den tionscadal bhain muid úsáid as sócmhainní a táirgeadh roimhe seo a bhain le Bailitheoirí Dramhaíola Neamhúdaraithe agus a mhaoinigh TFD agus sócmhainní náisiúnta freisin.
Ghlac grúpa daoine áitiúla páirt i nglantachán áite ar a dtugtar The Plots (na Ceapacha) d'fhonn é a dhéanamh níos inrochtana don phobal agus áis áitiúil a chruthú.

## Torthaí:

- 424 suirbhé teaghlaigh déanta, 238 comhlíontach an lá sin, 77 comhlíontach ó shin agus 109 á bhfiosrú.
- 75 suirbhé tráchtála déanta, 32 comhlíontach ar an lá, tá 10 suirbhé eile comhlíontach ina dhiaidh sin agus fiosrúchán ar siúl ar na háitribh neamhchomhlíontacha atá fágtha. Leanfar leis an bhfiosrúchán agus tá sé beartaithe tuilleadh suirbhéanna agus múscailte feasachta a dhéanamh níos déanaí sa bhliain.
- Dumpáil neamhdhleathach bainte as 3 shuíomh ar fud an bhaile. 27.7 tona dramhaíola bainte.
- Bhailigh grúpa daoine áitiúla le chéile chun limistéar ar a dtugtar The Plots go háitiúil a ghlanadh agus fuair siad cúnamh ó Chomhairle Contae Ros Comáin chun an dramhaíl a bhaint. Baineadh 2.5 tona dramhaíola as an suíomh sin.
- Fógraíodh an feachtas go forleathan trí nuachtáin áitiúla, ar an raidió agus ar na meáin shóisialta mar aon le hagallamh ar Shannonside Radio lenár nOifigeach Feasachta Comhshaoil.
- Rinneadh obair le Bailitheoir Dramhaíola a oibríonn sa cheantar a rinne fógraíocht ar a saoráid le linn ár bhfeachtais freisin.
- Monatóireacht leanúnach ar shuíomhanna ag Maoir Bhruscair.
- Feasacht le heagrú maidir le gach feachtas a mhaoinítear faoi TFD

# Comhairle Ros Comáin -




The Plots, Bealach an Doirín




Achadh Loiste, Bealach an Doirín



# Comhairle Ros Comáin -
## Tionscadal Uaschúrsála agus Athúsáide





### Riosca agus Tionchar

Forbraíodh an tionscadal seo chun feasacht a mhúscailt maidir le hathúsáid agus athrú cuspóra teicstílí, lena n-áirítear tionchair chomhshaoil na monaraíochta agus an diúscartha.

### Costas Foriomlán:

€2,105.43

### Achoimre:

Ba é aidhm an tionscadail TFD seo caidreamh a bhunú leis an bpobal agus le daltaí meánscoile chun aird a tharraingt ar an tionchar comhshaoil a bhíonn ag monarú agus ag diúscairt dramhaíola teicstíle/éadaí. An tráth céanna, díríodh aird ar na buntáistí a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach agus leis an uaschúrsáil. Cuireadh oideachas agus oiliúint ar fáil trí cheardlanna poiblí agus taispeántais scoile.

### Sonraí Foriomlána:

**Deontas €2,839.90 faofa**
Eagraíodh agus éascaíodh 5 cheardlann uaschúrsála ag teagascóirí ó CycleUp, fiontar sóisialta comhshaoil agus oiliúna. Bhí 48 rannpháirtí cláraithe le freastal ar na ceardlanna, lenar soláthraíodh oiliúint uaschúrsála teicstílí chun earraí uathúla uaschúrsáilte a chruthú agus úsáid á baint as teicstílí nach dteastaíonn. Cuireadh 2 thaispeántas idirghníomhacha breise ar uaschúrsáil ar fáil do 68 dalta idirbhliana i gColáiste Naomh Naithí i mBealach an Doirín.
Bhí béim sna ceardlanna/taispeántais ar athrú cuspóra teicstílí agus éadaí seachas dumpáil/diúscairt neamhdhleathach. Cuireadh faisnéis bhreise múscailte feasachta ar fáil don phobal trí na meáin shóisialta.

### Torthaí:

**Ba é costas foriomlán an tionscadail €2,105.43 agus gannchaitheamh de €734.47.**

- Rinneadh obair i gcomhar le Líonra na mBan i Ros Comáin chun ceardlanna agus múscailt feasachta oiriúnacha a dhearadh
- Baineadh úsáid as na meáin shóisialta chun feasacht a mhúscailt ar thionchair chomhshaoil monarú agus diúscairt teicstílí/éadaí
- Uasdátaíodh suíomhanna bainc teicstíle ar an suíomh gréasáin www.roscommoncoco.ie
- Tacaíodh le hiarrachtaí tionscnamh geilleagair chiorclaigh i gCo. Ros Comáin.

# Comhairle Ros Comáin -














Textile upcycling workshop for Monksland

# Comhairle Contae Shligigh –

## Tionscadal 2 – Bailiú Tochta



### Riosca agus Tionchar

Riosca – Tionchar Comhshaoil a bhaineann le dumpáil neamhdhleathach tochtanna úsáidte.

### Costas Foriomlán:

€7,411.76

### Achoimre:

Tionóladh imeacht Maithiúnais Tochta Dé Sathairn an 9 Meán Fómhair 2023 i mBaile Easa Dara, Co. Shligigh.

Bailíodh 251 tocht san iomlán agus rinneadh iad a dhiúscairt le cuideachta athchúrsála tochta.

### Sonraí Foriomlána:

Sonraí Foriomlána:
D’fhéadfadh cónaitheoirí Shligigh aon tocht nach dteastaíonn uathu a thabhairt chuig suíomh tiomnaithe i mBaile Easa Dara ag Cairéal an tSúnaigh Dé Sathairn an 9 Meán Fómhair 2023. Bhí an-rath ar an imeacht agus bailíodh 251 tocht san iomlán in aon lá amháin.

Fógraíodh an t-imeacht ar ár suíomh gréasáin agus ar leathanaigh na meán sóisialta agus go hinmheánach sa Chomhairle agus i measc na gcomhaltaí tofa agus na ngrúpaí Líonraí Rannpháirtíochta Pobail. Cuireadh fógra sa dá nuachtán áitiúla freisin don choicís roimh an imeacht.

### Torthaí:

Bailíodh 251 tocht ar chostas €16 an tocht.

Tá aiseolas an-dearfach faighte ó bhaill den phobal a bhain leas as an imeacht seo agus léirigh go leor acu go ndéanfaidís teagmháil le Bounce Back Recycling amach anseo chun aon tocht a athchúrsáil a mbeadh orthu a dhiúscairt ina dtithe. Oideachas agus feasacht mhaith ab ea é ar conas tochtanna nach dteastaíonn uait a dhiúscairt go sábháilte agus go dleathach.

# Comhairle Contae Shligigh







Sligo social enterprise aims to reduce number of old mattresses sent to landfill, with 8,500 dumped in county every year

The mattresses will be collected and recycled by leading social enterprise Bounce Back Recycling (BBR) on behalf of Sligo County Council.

They offer collection services not just for civic amenity sites, but also for furniture stores, hotels and householders.

# Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas -
## Ceannach Drón 2023




### Riosca agus Tionchar

Faireachas iargúlta ar shuíomhanna spéise.

### Costas Foriomlán:

€4,954.44

### Achoimre:

Ceannach drón le húsáid in imscrúduithe forfheidhmithe dramhaíola eisithe.

### Sonraí Foriomlána:

Bhí teicneolaíocht dróin in úsáid ag an Rannóg um Fhorfheidhmiú Dramhaíola de CCBÁCT roimhe seo chun cianchigireachtaí a dhéanamh le linn srianta COVID in 2020 agus 2021. Bhí na dróin thar a bheith luachmhar ó thaobh Sláinte agus Sábháilteachta de agus chun sonraí a ghabháil faoi shuíomhanna nach raibh inrochtana go héasca mar gheall ar phrótacail dianghlasála. Mar sin féin, le rialacháin nua AE maidir le córais foirceanta eitilte (CFE) agus pálasta, mar aon leis an gcód cleachtais atá beartaithe ag an GBRÁ maidir le húsáid trealaimh taifeadta i bhforfheidhmiú, bhí gá le samhail níos nuaí agus níos éadroime. Mar gheall ar dhul chun cinn sa teicneolaíocht sna blianta idir an dá linn, bhí na dróin in ann a bheith níos lú agus fós an chobhsaíocht eitilte agus feidhmiúlacht ceamara a bhí ag na leaganacha níos mó roimhe seo a bheith acu. Tá na dróin nua sin, a bhfuil pálasta 249g acu, díolmhaithe ó cheanglais CFE agus tá siad de mhéid oiriúnach chun bheith mar chuid de threalamh imscrúdaithe na n-oifigeach forfheidhmithe dramhaíola.

### Torthaí:

A. Ceannach 4 Dhrón DJI Mini 3 chun críoch forfheidhmiúcháin dramhaíola. Tá CCBÁCT cláraithe mar eagraíocht chasta le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann agus is píolótaí cláraithe iad na hOifigigh Forfheidhmithe Dramhaíola uile.

B. Soláthair faisnéis faoin Tonnáiste a baineadh agus costas na bainte in aghaidh an tona/tochta/earra théagartha: N/B

# Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas



# Comhairle Contae Thiobraid Árann –
## Tionscadal Shiúlóid Lúibe an Chnocáin Rua



### Riosca agus Tionchar

Riosca tionchair ar limistéar glas pobail. Riosca don chomhshaol, don bhithéagsúlacht.
Tionchar ar cháil ardscéimhe an Chontae.

### Costas Foriomlán:

€2,724

### Achoimre:

Dumpáil neamhdhleathach mhinic ar Shiúlóid Lúibe timpeall cheantar Bhéal Átha Gabhann i dTiobraid Árann ina bhfuil radhairc ardscéimhe. Tá drochthionchar ag an dumpáil neamhdhleathach seo ar luach na taitneamhachta agus ar an mbithéagsúlacht, agus ar bhród an phobail ina gceantar.

Chuaigh an Rannóg Chomhshaoil agus Gníomhaithe ar son na hAeráide i mbun oibre leis an bpobal agus leis an ngrúpa siúil a bhí an-dhearfach i leith an athchóirithe agus mhol siad go bhfeabhsódh an pobal luach taitneamhachta an limistéir ghlais a luaithe a bheadh sé glanta agus Faire Phobail a bhunú le haghaidh dumpála neamhdhleathaí.

Tar éis chríochnú an tionscadail, d'fhan an limistéar glan gan aon eachtra dumpála neamhdhleathaí.

### Sonraí Foriomlána:

Áiríodh leis an tionscadal an tsraith beart seo a leanas chun dul i ngleic le dumpáil stairiúil;

- D'eagraigh Comhairle Contae Thiobraid Árann conraitheoir dramhaíola údaraithe a dhiúscair an dramhaíl trína hIonaid Athchúrsála.
- Oibríodh leis an bpobal chun faire phobail a bhunú agus an tÚdarás Áitiúil a chur ar an eolas maidir le dumpáil neamhdhleathach.
- Tá sé beartaithe ag an ngrúpa pobail go mbeidh an suíomh ina limistéar taitneamhachta ardscéimhe a rachaidh chun tairbhe don ghrúpa cnocadóireachta áitiúil agus do thurasóirí agus a mhúsclóidh feasacht chomhshaoil le bithéagsúlacht agus flóra agus fána, agus go mbeidh sé ina limistéar le haghaidh picnicí pobail etc. i rith an tsamhraidh.

### Torthaí:

- Tá an tionscadal tar éis an caidreamh idir Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Grúpaí Pobail a neartú trí chomhoibriú agus tacaíocht don tionscadal.
- Níor tharla aon dumpáil ábhar ina dhiaidh sin ó críochnaíodh an tionscadal.
- Feasacht mhéadaithe i measc phobal na n-eastát chun fanacht airdeallach agus ar an eolas faoi dhumpáil/lucht dumpála neamhdhleathacha.

# Comhairle Contae Thiobraid Árann





Baineadh dramhaíl stairiúil agus athchóiríodh an tsiúlóid ina limistéar taitneamhachta ardluacha do chnocadóirí, don phobal áitiúil agus do thurasóirí.

# Comhairle Contae Phort Láirge -

## Tionscadal 'Céimeanna Rochtana le haghaidh Glantacháin'



### Costas Foriomlán:

€23,313.93

### Achoimre:

Céimeanna a chur ar fáil thar bhalla an inbhir chun rochtain shábháilte a sholáthar ar an gcladach ag lag trá chun go bhféadfaidh an chomhairle agus grúpaí pobail glantachán a dhéanamh san inbhear

### Sonraí Foriomlána:

Is minic a bhíonn dramhaíl tí á dumpáil isteach sa limistéar feadh Inbhear Choilligeáin i Seandún, trína chaitheamh thar bhalla tuile cois bóthair. Is beag faireachas éighníomhach atá sa limistéar agus cuireann fad an inbhir (1.8km) cosc ar bhearta coisctheacha éifeachtacha, amhail feabhsú ar fhálú nó CCTV.

Tá rochtain ar líne an chladaigh deacair mar gheall ar bhalla mara agus an difríocht airde idir an cladach agus an bóthar in aice láimhe.

Cuireann an tionscadal pointí rochtana céimnithe ar fáil chuig líne an chladaigh ag 2 shuíomh chun rochtain shábháilte a sholáthar ar an gcladach agus chun ligean do dhramhaíl agus bruscar dumpáilte a bhaint.

### Torthaí:

A. A bhuí le rochtain fheabhsaithe ar líne an chladaigh, is féidir le baill foirne na comhairle agus grúpaí pobail glantachán níos sábháilte a dhéanamh ar dhramhaíl a dhumpáiltear thar bhalla mara ó líne an chladaigh.

   Céimeanna rochtana curtha ar fáil ag dhá shuíomh ar leith chun rochtain a thabhairt ag pointí éagsúla chun an fad siúlta feadh líne an chladaigh a íoslaghdú

B. Soláthair faisnéis faoin Tonnáiste a baineadh agus costas na bainte in aghaidh an tona/tochta/earra théagartha:
   - N/B

# Comhairle Contae Phort Láirge



# Comhairle Contae na hIarmhí –
## Cláir Pioctha Bruscair Dhá Nóiméad



### Riosca agus Tionchar

Fadhb atá ag méadú i gcónaí is ea an bruscar inár limistéir áiseanna. Tá méadú tagtha ar thrácht coise ó Covid agus, mar thoradh air sin, tá méadú tagtha ar an mbruscar.

### Costas Foriomlán:

€2,160

### Achoimre:

Suiteáil Clár Pioctha Bruscair Dhá Nóiméad i suíomhanna éagsúla i gContae na hIarmhí.

### Sonraí Foriomlána:

Shuiteálamar trí Chlár Pioctha Bruscair Dhá Nóiméad i suíomhanna éagsúla i gContae na hIarmhí. Táthar ag súil go bhfeidhmeoidh na cláir sin mar mheabhrúchán amhairc do dhaoine a thugann cuairt ar na láithreacha sin a ndramhaíl a thabhairt abhaile agus an limistéar a choinneáil glan. Tá fáilte roimh dhaoine a thugann cuairt ar na háiseanna sin bainteoir bruscair agus mála a fháil ar iasacht ón gclár agus piocadh bruscair a dhéanamh sa limistéar. Tá na Cláir Pioctha Bruscair suite in aice leis na boscaí bruscair ionas gur féidir le daoine aon dramhaíl a dhiúscairt sna boscaí bruscair agus an bainteoir a chur ar ais ar an gclár nuair a bheidh siad críochnaithe.

### Torthaí:

Laghdú ar dhumpáil sa cheantar. Ón iarracht áitiúil chun bruscar a bhailiú go rialta go dtí an meabhrúchán amhairc do dhaoine a ndramhaíl a thabhairt abhaile agus gan aon rian a fhágáil sa cheantar. Fuaireamar aiseolas dearfach ó chónaitheoirí áitiúla agus ó ghrúpaí pobail – tá grúpaí pobail áitiúla tar éis tairiscint a dhéanamh na Cláir Pioctha a ghlacadh agus a gcuid soláthairtí a chothabháil.

# Comhairle Contae na hIarmhí



# Comhairle Contae Loch Garman –
## Tionscadal 1 Rothair Scoile don Afraic




### Riosca agus Tionchar

Féadfaidh seanrothair a chaitear go faillíoch faoin tuath nó i lánaí i gceantair uirbeacha roinnt fadhbanna a chruthú.

- Léiriú diúltach ar an áit do chuairteoirí.
- Is cúis é le hamharcthruailliú.
- Baol don fhiadhúlra.
- Guais sábháilteachta don phobal.

### Costas Foriomlán:

€2,301.00

### Achoimre:

Achoimre: Ó 2021 i leith, tá Comhairle Contae Loch Garman, Rotary Éireann, Óglaigh na hÉireann agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag comhoibriú chun rothair shléibhe úsáidte a bhailiú ón bpobal trí 4 ionad athchúrsála tí sna príomhbhailte. Ansin iompraítear na rothair go Teach na gCanónach i gCill Mhantáin agus Teach an Locháin i gCabhán áit a ndéanann príosúnaigh na rothair a dheisiú agus dea-bhail a chur orthu. Ansin, seolann Óglaigh na hÉireann na rothair go dtí an Afraic. Seo í an tríú bliain den tionscadal agus tá 533 rothar bailithe ag Óglaigh na hÉireann ó Loch Garman go dtí seo.

### Sonraí Foriomlána:

San iomlán, bailíodh 533 rothar trí na 4 Ionad Athchúrsála Tí i Loch Garman. Tá 78 rothar ag teacht ó TFD 2023. Iompraíodh na rothair chuig ceardlanna príosúin i dTeach an Locháin i gCo. an Chabháin agus Teach na gCanónach i gCo. Chill Mhantáin. Rinne na príosúnaigh na rothair a dheisiú agus a sheirbhísiú agus nuair a bhíonn siad críochnaithe, iompraíonn Óglaigh na hÉireann iad go dtí an Afraic agus tugann siad do scoileanna iad lena ndáileadh ar dhaltaí scoile a chónaíonn i bhfad ón scoil agus a mbainfeadh tairbhe as rothar chun cabhrú leo freastal ar scoil.

### Torthaí:

A. Bailíodh, deisíodh, seirbhísíodh 533 rothar (78 in 2023) agus seoladh iad go dtí an Afraic lena n-úsáid ag daltaí scoile. Is tionscadal é a bhfuil bua ag gach taobh aige – bua don athrú aeráide i bhfianaise na mbuntáistí a bhaineann le deisiúchán agus athúsáid mar aon le hiompar inbhuanaithe a chur chun cinn. Bua do phríosúnaigh i bpríosún maidir le deiseanna athoiliúna agus athshlánúcháin a sholáthar agus bua do dhaltaí scoile san Afraic maidir le deis níos fearr a thabhairt dóibh leas a bhaint as oideachas.

B. Soláthair faisnéis faoin Tonnáiste a baineadh agus costas na bainte in aghaidh an tona/tochta/earra théagartha:

   - Tonnáiste dramhaíola a baineadh agus costas in aghaidh an tona, más infheidhme –
   - Líon na dtochtanna a bailíodh agus costas in aghaidh an tochta, más infheidhme –
   - Tonnáiste dramhaíola téagartha agus costas in aghaidh gach earra dramhaíola téagartha, más infheidhme – 78 rothar in 2023.

Wexford County Council

# Comhairle Contae Loch Garman









# Comhairle Contae Chill Mhantáin –
## Lá Bailiúcháin Dramhaíola Guaisí, Baile Chill Mhantáin




### Riosca agus Tionchar

Is minic a dhéantar earraí dramhaíola ina bhfuil ábhair ghuaiseacha a dhiúscairt ar bhealach mícheart trí bhailiú boscaí bruscair rothaí, nó trí iad a dhumpáil nó a dhiúscairt síos na draenacha. Tá sé mar aidhm ag Laethanta Dramhaíola Guaisí Tí méid na dramhaíola guaisí tí a thugtar do bhailitheoirí dramhaíola neamhúdaraithe, a dhumpáiltear go neamhdhleathach nó a dhiúscraítear go mícheart a laghdú.

### Costas Foriomlán:

€ 19,430.67

€19,000 á éileamh

### Achoimre:

D'iarr Comhairle Contae Chill Mhantáin, i gcomhar le Clubanna Rotary Éireann i mBré agus i gCill Mhantáin, rothair athláimhe ón bpobal le hathchóiriú agus le seoladh chuig an nGaimbia le go n-úsáidfeadh leanaí iad chun taisteal ar scoil. Reáchtáladh dhá lá bailiúcháin ar an 22 agus an 29 Lúnasa i gceithre ionad conláiste cathartha. I ndiaidh bhailiú na rothair sin, iompraíodh iad go Príosún Theach na gCanónach le haghaidh deisiúcháin le caoinchead agus tacaíocht ó ghníomhaireachtaí eile ar nós Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Gharda Síochána. Reáchtáladh ceardlann deisiúcháin rothair freisin tríd an Ionad Athfhionnachtana chun cultúr cothabhála rothair a chur chun cinn.

### Sonraí Foriomlána:

Beart coisctheach agus múscailte feasachta a bhí san imeacht seo d'fhonn rioscaí comhshaoil agus sláinte phoiblí a bhaineann le diúscairt mhíchuí dramhaíola ina bhfuil substaintí nó ábhair ghuaiseacha a mhaolú. Ní raibh an bailiú ach le haghaidh dramhaíola guaisí tí agus bhí sé le haghaidh liosta réamhshainithe ábhar. Chun dreasacht a thabhairt don ócáid agus daoine a spreagadh chun dramhaíl ghuaiseach a thabhairt ar láimh, níor gearradh aon táille. Tar éis Iarratas ar Mheastacháin, bronnadh conradh ar Enva Ireland Ltd chun seirbhísí a bhaineann le bailiú, stóráil (más gá), cóireáil agus diúscairt nó aisghabháil dramhaíola guaisí tí a sholáthar. Trí imeachtaí den chineál sin a óstáil, déanfar dramhaíl ghuaiseach a d'fhéadfadh a bheith tugtha do bhailitheoirí dramhaíola neamhúdaraithe a láimhseáil i gceart agus cuirfidh sé sin cosc ar dhumpáil neamhdhleathach na dramhaíola sin ar fud an Chontae.

### Torthaí:

Chuir an tionscadal seo bealach ar fáil do bhaill den phobal i gContae Chill Mhantáin chun dramhaíl, lena mbaineann fadhbanna agus easpa roghanna diúscartha go minic, a dhiúscairt. Tugtar faoi deara nach ndéantar gach dramhaíl ghuaiseach a dhumpáil go neamhdhleathach ach bhí sé mar aidhm ag an imeacht sin an fhéidearthacht go ndéanfaí diúscairt neamhdhleathach nó míchuí a laghdú. Glacadh mór ag baill den phobal.

- 16.95 tona de dhramhaíl ghuaiseach taiscthe i lastas go dtí an Afraic.

# Comhairle Contae Chill Mhantáin –
## Lá Bailiúcháin Dramhaíola Guaisí, Baile Chill Mhantáin






# 5 AGUISÍNÍ



## Aguisín I

# Gluais

| | |
|---|---|
| TFD | Tionscnamh Frithdhumpála |
| RCAC | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. |
| CSNFD | An Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola |
| WERLA | WERLA Príomhúdarás Réigiúnach Formeidhmiúcháin Dramhaíola |
| WERLA RCU | An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola i Réigiún Chonnacht-Uladh. Is éard atá i gceist le Réigiún Chonnacht-Uladh ná Údaráis Áitiúla Dhún na nGall, Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Liatroma, Ros Comáin, Shligigh, Mhuineacháin agus an Chabháin |
| WERLA ROLT | An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola i Réigiún an Oirthir-Lár Tíre. Is éard atá i gceist le Réigiún an Oirthr-Lár Tíre ná Údaráis Áitiúla Chathair Bhaile Átha Cliath, Fhine Gall, Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Bhaile Átha Cliath Theas, Chill Dara, Chill Mhantáin, na Mí, na hIarmhí, an Longfoirt, Uíbh Fhailí, Laoise, agus Lú. |
| WERLA RD | An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola i Réigiún an Deiscirt. Is éard atá i gceist le Réigiún an Deiscirt ná Údaráis Áitiúla Luimnigh, an Chláir, Chiarraí, Chathair Chorcaí, Chontae Chorcaí, Thiobraid Árann, Loch Garman, Phort Láirge, Cheatharlach agus Chill Chainnigh. |
| Údarás Áitiúil | Comhairle Contae nó Cathrach. Tá 31 Údarás Áitiúil in Éirinn. |
| TFT | Tionscnamh Freagrachta Táirgeoirí |
| FBT | Freagracht Bhreisithe Táirgeora |
| ORPBD | Oifig Réigiúnach um Phleanáil maidir le Bainistiú Dramhaíola |

## Aguisín II

## Ciorclán WP05.23 Tionscnamh Frithdhumpála 2023

An Roinn Comhshaoil,
Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment,
Climate and Communications

**Imlitir WP 05.23 (Ríomhphost amháin)** **14 Márta 2023**

Chuig gach Stiúrthóir Seirbhísí – Comhshaol

**Tionscnamh Frithdhumpála 2023**

A Stiúrthóir, a chara,

Tá maoiniú €3 mhilliún á chur ar fáil arís ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, trí na Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLAnna) chun tacú leis an Tionscnamh Frithdhumpála (TFD) 2023. Ó seoladh an tionscnamh seo in 2017, tá breis is 1,500 tionscadal curtha i gcrích go rathúil ar fud na 31 limistéar údaráis áitiúil agus tá sé seo ina chúis le cinntiú go bhfuil dumpáil neamhdhleathach fós ard ar chlár oibre na bpobal ar fud na tíre agus go bhfuil na tacaíochtaí agus na hidirghabhálacha cuí ar fáil chun an fhadhb a chomhrac.

Ar an gcéad dul síos, is ceist fhreagrachta pearsanta agus comhlíonta leis an dlí í an dumpáil neamhdhleathach. Cé gur ceist í d'údaráis áitiúla ar an gcéad dul síos maidir le gníomh forfheidhmithe sa réimse sin, éascaíonn soláthar leanúnach maoinithe Rialtais don Tionscnamh seo cur chuige ilghnéitheach chun dul i ngleic leis an gceist.

Mar a bhí le leithdháiltí na mblianta roimhe seo, tá sé mar aidhm ag TFD 2023 teagmhais dumpála neamhdhleathaí a laghdú go náisiúnta trí mhaoiniú a sholáthar do thionscadail atá dírithe ar dhul i ngleic leis an bhfadhb, trí úsáid a bhaint as cur chuige comhoibríoch a bhaineann le húdaráis áitiúla, le pobail agus le Gníomhaireachtaí Stáit eile. In 2023, díreofar TFD fós ar na ceithre phríomhréimse chéanna atá liostaithe thíos agus déanfar measúnú arís ar thograí tionscadail bunaithe ar a dtionchar féideartha sna réimsí sin.

(i) cosc,
(ii) laghdú,
(iii) oideachas agus
(iv) forfheidhmiú.

Leanann an Roinn de bheith ag spreagadh tionscadal nuálach go láidir, a aithníonn dramhaíl mar acmhainn ar féidir í a athúsáid i nGeilleagar Ciorclach. Tacófar le tionscadail a dhéanann bailiú agus athchóiriú ar throscán, ar rothair agus ar phéinteanna – agus nasc á dhéanamh leis an líonra athúsáide péinte b'fhéidir – nach dteastaíonn ach atá inúsáidte le haghaidh athúsáide. Breithneofar tionscadail teicstílí le haghaidh athúsáide freisin, lena n-áirítear tionscadail oideachais/feasachta amhail taispeántais thaistil teicstíle agus tionscadail a sholáthraíonn sonraí comhshaoil ar tháirgeadh éadaí.

Féadfaidh bearta amhail comharthaíocht a sholáthar, soilsiú agus bacainní a shuiteáil, agus cothabháil tírdhreacha a bheith ina n-uirlisí éifeachtacha chun gníomhaíochtaí dumpála neamhdhleathaí a theorannú. Cuirfidh tionscadail a chabhraíonn le daoine "an rud ceart a dhéanamh" i gcás sruthanna dramhaíola dúshlánacha amhail troscán agus tochtanna téagartha nach féidir a úsáid deireadh le deiseanna d'oibreoirí gan scrupall na hearraí sin a dhumpáil go neamhdhleathach freisin.

Is beart coisctheach ríthábhachtach é leanúint de bheith ag cur i bhfeidhm agus ag forfheidhmiú na bhfodhlíthe um chur i láthair dramhaíola ag na húdaráis áitiúla uile, agus is féidir tacú leis sin arís faoi chlár na bliana seo

**Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman, Y35 AP90**
Newtown Road, Wexford, Y35 AP90
T +353 1 678 2000 | 1890 44 99 00
www.gov.ie/decc